# Tuarascáil Bhliantúil Bhus Átha Cliath
## agus na Ráitis Airgeadais 2018

Bus Átha Cliath



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin | 1 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 6 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 12 |
| An Fhoireann Ardbhainistíochta | 24 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 28 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 29 |
| Ráiteas um Rialú Inmheánach | 37 |
| Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 39 |
| An Bord Stiúrthóirí | 40 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 42 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 45 |
| Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán | 46 |
| Clár Comhardaithe | 47 |
| Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna | 48 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 49 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 50 |




# Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin

Méadú ar an Ioncam

**2018 €11.6m**
**2017 €15.5m**

**2018 +4.6%**
**2017 +6.6%**

Barrachas – OSP

**2018 €0.3m**
**2017 €0.0m**

Barrachas – Seirbhísí Tráchtála

**2018 €3.4m**
**2017 €1.0m**

Busanna Nua

**2018 141**
**2017 100**

Líon na nAistear Custaiméirí

**2018 143.5m**
**2017 139.4m**

Líon na bhFostaithe

**2018 3,424**
**2017 3,506**

Líon na gCiliméadar a Taistealaíodh

**2018 57.1m**
**2017 58.4m**

Líon na mBusanna

**2018 1,010**
**2017 1,016**

# Seirbhís Bus do Chách



Is cúis bhróid dúinn é ár gcustaiméirí go léir a iompar ar fud na cathrach. Cuirimid spásanna agus suíocháin tosaíochta ar fáil do chustaiméirí a bhfuil bugaí acu, do dhaoine aosta, do mhná torracha agus do dhaoine faoi mhíchumas. Bímid seasta ag obair lena chinntiú go mbeidh aistear sábháilte compordach ag gach duine linn. Tá bá do chathaoir rothaí i nach ceann dár mbusanna agus tá spás leagtha amach do bhugaí i mbeagnach leath dár mbusanna freisin.

In 2018, faoin Scéim Cúnaimh Taistil, tugadh cúnamh do 1,047 duine foghlaim conas taisteal go neamhspleách ar chóras iompair phoiblí Bhaile Átha Cliath. Ina measc siúd bhí 506 duine a bhfuil deacracht foghlama acu, 372 duine a bhfuil deacracht ghluaiseachta acu agus 169 duine a bhfuil deacracht chéadfach acu.

Is mór ag ár bhfostaithe, ar dream éagsúil iad, freastal ar phobal éagsúil i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Líon Babhtaí Cúnaimh in 2018

**1,047 custaiméir**

Flít Feithiclí Inrochtana a bhfuil Urlár Íseal iontu

**100% de na feithiclí**

Fógraí Fuaime agus Amhairc

**99% de na feithiclí**

CCTV

**100% de na feithiclí**

Ár gcuid Daoine

**Bíonn 3,424 duine ag obair anseo, san iomaí ról éagsúil**

**Is ó thíortha eile seachas Éire iad 17% dár bhfostaithe, agus tá daoine ó 70 tír ag obair linn**

## An Obair a Dhéanaimid sa Phobal

**Bhronnamar deontais ar 85 grúpa pobail, dar luach idir €1,000 agus €5,000**

**Ó 2004 i leith, thugamar tacaíocht do níos mó ná 1,800 grúpa pobail agus grúpa deonach ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, trí na Gradaim Meoin Pobail dár gcuid**

**Chuir os cionn 2,000 páiste isteach ar an gComórtas Ealaíne Scoile dár gcuid in 2018 agus bhí cuid de na pictiúir ar bronnadh duaiseanna orthu le feiceáil i bhFéilire Ealaíne na bPáistí**

**Rinneadh 370 aistear ar an dá bhus thiomanta atá againn faoin Tionscnamh Meoin Pobail, agus tugadh na mílte páiste ar thurais scoile agus chuig tionscadail samhraidh**

**Thug ár gComhordaitheoirí Scoile agus Pobail 383 cuairt ar scoileanna ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoin gClár Oideachais Scoile**

**Ba muid a bhuaigh catagóir na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe ag na gradaim CIPD don Bheartas agus na Treoirlínte dár gcuid maidir le hAistriú Inscne san Áit Oibre**

**Táimid bródúil as tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh agus imeachtaí cultúir ar fud an phobail, lena n-áirítear an Fhéile Experience Japan, an Fhéile Darkness Into Light, Lá na hAfraice, Féile UCD, Féile Bhróid LADTA+ Bhaile Átha Cliath agus an Oíche Chultúir**



# An Comhshaol agus Astaíochtaí Carbóin

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí is mó i mBaile Átha Cliath. Is ar bhus a bhíonn breis is 60% de na haistir iompair phoiblí go léir isteach chuig lár chathair Bhaile Átha Cliath. Sa ról atá againn mar phríomhoibreoir na mbusanna uirbeacha i mBaile Átha Cliath, chlúdaíomar 120 bealach agus 57.1 milliún ciliméadar in 2018. Is inbhuanaithe é an taisteal le Bus Átha Cliath ná carr príobháideach a úsáid mar gheall ar na buntáistí seo a leanas:

Ach é a bheith lán, is féidir le bus amháin thart ar 80 carr príobháideach a bhaint den bhóthar, rud a laghdaíonn an brú tráchta agus an tranglam tráchta ar fud na cathrach

Fágann gach bus lán daoine go mbíonn fáil ar stráice bóthair breis is 300 méadar ar fud chathair Bhaile Átha Cliath nach mbeadh fáil air dá uireasa

Tá sé cruthaithe go laghdaíonn taisteal bus an strus agus líon na dtimpistí bóthair agus go gcuireann sé leis an bhfolláine ghinearálta i measc na bpaisinéirí

Tá an méid breosla a ídíonn na busanna fós ag laghdú ó bhliain go bliain leis an athnuachan leanúnach ar an bhflít busanna agus le héifeachtúlacht oibríochtúil fheabhsaithe ar bhealaí ar fud Bhaile Átha Cliath

Tháinig laghdú 5.8% ar ár n-astaíochtaí $CO_2$ ón ngnó paisinéirí in aghaidh an chiliméadair in 2018 i gcomparáid le 2017

I 2019, gheobhaimid naoi mbus hibrideacha nua, ina mbainfear úsáid as trí theicneolaíocht hibrideacha éagsúla, a mbainfear triail astu agus a thástálfar ar na bealaí bus

Cosnaíonn an gnáthaistear i gcathair Bhaile Átha Cliath suas le 57% níos lú ach dul ar bhus seachas carr príobháideach a úsáid

Tríd is tríd, bíonn astaíochtaí $CO_2$ na gcomaitéirí suas le 80% níos ísle ar bhonn gach suíocháin aonair, i gcomparáid le carr príobháideach a úsáid

### Fuinneamh a Úsáideadh in nGigeavatanna in aghaidh na hUaire

**2018 283 GWH**

**2017 295 GWH**

### Ídiú Breosla in aghaidh 100km

**2018 46.9 lítear**

**2017 47.2 lítear**

### Ráta Athchúrsála

**2018 78%**


**2017 79%**

### Busanna Hibrideacha

**Beidh triail á baint as 9 mbus hibrideacha in 2019**

## Laghdú astaíochtaí de bharr **bus de chuid Bhus Átha Cliath** a úsáid

Comparáid: Astaíochtaí $CO_2$ in aghaidh an km/suíochán i gcás gnáthcharr Éireannach i gcomparáid leis na busanna atá againne



167g cóibhéis $CO_2$/km

23g cóibhéis $CO_2$/km

Dá mhéad an líon daoine a dhéanfaidh an rogha taisteal ar sheirbhísí iompair phoiblí, is ea is fearr é don chomhshaol. Chun an tionchar a bhíonn againn ar an gcomhshaol a laghdú, táimid ag obair chun an flít feithiclí agus cúrsaí tiomána a bharrfheabhsú, rud a mbíonn tionchar dearfach aige ar ídiú breosla agus ar astaíochtaí.

# Ráiteas an Chathaoirligh



Fágann torthaí na bliana 2018 go mbeidh Bus Átha Cliath in ann leanúint ar aghaidh ag ath-infheistiú an bhrabúis chun feabhas breise a chur ar na seirbhísí.

Is cúis bhróid againn é gur muid féin fós an soláthraí iompair is mó i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

## Súil Siar ar 2018

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Bhus Átha Cliath don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 a chur i láthair, agus brabús foriomlán a thuairisciú i leith na bliana sin, bliain ina raibh athruithe móra i gceist sa chuideachta.

Tá Bus Átha Cliath fós lántiomanta do Chonradh Seirbhíse Poiblí a fheidhmiú a mbeidh brabús le déanamh air agus faoina soláthrófar seirbhísí ardchaighdeáin de réir théarmaí an chonartha. Tá méadú mór tagtha in 2018 ar líon na gcustaiméirí a iompraíonn an chuideachta, go háirithe nuair a chuirtear imeachtaí eisceachtúla as an áireamh, agus d'fhreastail sí ar an éileamh méadaithe sin le feabhsúcháin nach beag ar an tseirbhís, ar mhaithe le heispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú. Is cúis spreagtha dúinn é an feabhas a tháinig ar an leibhéal brabúsachta i rith 2018 ar bhealaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) agus ar na Seirbhísí Tráchtála araon. Cé nach mór dúinn leanúint ar aghaidh ag díriú ar bhonn costais níos inbhuanaithe, cuirfidh torthaí 2018 ar a chumas do Bhus Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag infheistiú an bhrabúis chun feabhas eile fós a chur ar na seirbhísí. Tháinig méadú 2.9% ar líon na gcustaiméirí a bhíonn ag taisteal ar ár gcuid seirbhísí i gcomparáid le leibhéil na bliana 2017. Rinneadh 143.5 milliún aistear paisinéirí in 2018 i gcomparáid le 139.4 milliún aistear paisinéirí in 2017. Bhuail dhá bhabhta adhaimsire an tír sa chéad leath de 2018, rud a d'fhág nach ndearnadh an líon aistear paisinéirí a dhéanfaí murach iad, agus imríodh tionchar ar an líon aistear freisin de bharr síneadh a bheith curtha leis na seirbhísí ar an Luas Traschathrach agus de bharr gur aistríodh 10% de na bealaí OSP chuig oibreoir nua de réir a chéile thar an tréimhse idir Deireadh Fómhair agus mí na Nollag 2018.

Ba é €3.7 milliún an barrachas a tuairiscíodh i leith na bliana i gcomparáid le barrachas €1.0 milliún in 2017. Léiríonn na torthaí sin an feabhas a tháinig ar an mbrabús ar na Seirbhísí Tráchtála agus méadú beag ar an mbarrachas foriomlán i leith na seirbhísí OSP. Léiríonn an toradh i leith na seirbhísí OSP go bhfuil na custaiméirí níos sásta linn, an borradh mór atá faoi aistir lárnacha paisinéirí agus bearta éifeachtúlachta costais a bheith fós á gcur i bhfeidhm ar fud na bpríomhchatagóirí costais go léir chomh maith le coigeartú ar na táillí a ghearrtar ar chustaiméirí. Ba í 2018 an tríú bliain agus an bhliain dheireanach de chomhaontú pá na bliana 2016 idir an chuideachta agus a fostaithe. A bhuí leis na torthaí airgeadais láidre, is féidir leis an gcuideachta leanúint ar aghaidh ag infheistiú sa chóras iompair phoiblí do Bhaile Átha Cliath agus ag cuidiú an córas sin a fhorbairt. Ní mór brabús a dhéanamh ar Sheirbhísí OSP agus ar Sheirbhísí Tráchtála araon sa chaoi is go mbeidh Bus Átha Cliath inmharthana feasta. B'fhiú €263.3 milliún an t-ioncam ó chustaiméirí ag deireadh na bliana, sin méadú €11.6 milliún i gcomparáid le figiúirí na bliana 2017. Is mór ag Bus Átha Cliath gurb é féin fós an soláthraí iompair is mó i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

I rith 2018, d'éirigh leis an gcuideachta a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go ndéanfaí aistriú réidh chuig oibreoir nua ar na bealaí OSP a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair amach ar conradh in 2017. Le linn na tréimhse sin, dhírigh Bus Átha Cliath ar a chinntiú go mbeadh riachtanais na gcustaiméirí fós ina dtosaíocht le linn an phróisis aistrithe agus rinneadh aistriú réidh ar na seirbhísí, a bhuí le cur chuige gairmiúil ár bhfostaithe i rith na tréimhse sin agus leis an gcaoi ar chomhoibrigh siad leis an oibreoir eile. Tá an chuideachta meáite ar ár bhfeidhmíocht a neartú a thuilleadh ó thaobh Seirbhísí OSP agus Seirbhísí Tráchtála araon.

D'fháiltigh an chuideachta roimh an bhfógra ón Údarás Náisiúnta Iompair faoi dhul i mbun conradh dámhachtana dírí eile le Bus Átha Cliath chun seirbhísí bus a sholáthar i réigiún cathrach Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2019-2024. Tháinig an togra sin as an athbhreithniú mionsonraithe a rinneadh ar gach gné d'fheidhmíocht, costas agus cáilíocht na cuideachta, thar thréimhse an chonartha dámhachtana dírí reatha. Bhí an chuideachta thar a bheith sásta go bhfuaireamar toradh an-mhaith ó thaobh shástacht na custaiméirí sa suirbhé custaiméirí a rinne an tÚdarás. Ráta sástachta foriomlán 95% a fuarthas, sin ardú trí phointe i gcomparáid le suirbhé na bliana 2017.

Lean an chuideachta ar aghaidh in 2018 ag cuidiú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le 'BusConnects': mórchlár infheistíochta, lena n-áirítear athdhearadh ar ghréasán busanna na cathrach agus sraith chomhthreomhar tionscadal chun feidhmíocht an ghréasáin a fheabhsú, amhail tosaíocht do bhusanna agus feabhas ar an mbonneagar. Bhí ról lárnach ag an gcuideachta freisin sa phleanáil a rinneadh i gcomhair imeachtaí móra, ar nós chuairt an Phápa Proinsias i mí Lúnasa, agus i dtaobh seirbhísí iompair a chur ar fáil dóibh. Cuireadh 141 bus dhá urlár nua leis an bhflít in 2018, idir bhusanna breise agus fheithiclí a thóg áit seanbhusanna. Cuireadh busanna breise ar chuid de na bealaí ar an ngréasán agus cuireadh le minicíocht na seirbhísí ina lán cásanna, go háirithe ag an deireadh seachtaine. Cuireadh acmhainní breise ar fáil chomh maith chun cur i gcoinne thionchar an bhrú tráchta ar na sráideanna, rud atá ag dul in olcas.

Tá ról lárnach fós ag Bus Átha Cliath maidir le seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, éifeachtúil agus ar féidir brath orthu á sholáthar sa phríomhchathair. Tá an chuideachta bródúil – agus údar maith aici leis – as an traidisiún seanbhunaithe atá aici ó thaobh tacú le saol sóisialta agus eacnamaíoch na cathrach féin. Is cinnte go mbeidh dúshláin nua le sárú in 2019, ach is maith an riocht ina bhfuil sí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, agus tá sí ag súil go gcoinneofar leis an mborradh atá fúithi i rith na tréimhse sin.



*Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)*

## Rialachas

Tá an Bord fós tiomanta don chaighdeán is airde rialachais chorparáidigh chun rioscaí a bhainistiú agus chun nuálaíocht agus fás a spreagadh i mBus Átha Cliath. Dhíríomar go háirithe in 2018 ar a chinntiú go bhfuil bearta cuí i bhfeidhm ag an gcuideachta chun cloí leis an gCód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Daoine

Agus muid ag caitheamh súil siar ar éachtaí na bliana 2018 agus ar na dúshláin a bhí romhainn de bharr eachtraí ar nós na drochaimsire a bhuail an tír go luath in 2018, ní mór aitheantas a thabhairt thar aon rud eile don mhéid a rinne ár bhfostaithe chun freastal ar na custaiméirí agus seirbhís níos fearr ná mar a raibh súil acu léi a chur ar fáil dóibh. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt arís eile dár bhfostaithe go léir as an ngairmiúlacht agus as an bhfuinneamh agus an dúthracht a bhíonn acu agus iad ag freastal ar ár gcustaiméirí agus á chinntiú go mbeidh Bus Átha Cliath fós ina chuid de shaol inbhuanaithe an phobail i mBaile Átha Cliath.

Thar ceann an bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don chomhpháirtíocht dhearfach eadrainn féin agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus muid ag obair ar mhaithe leis na cuspóirí atá againn araon i dtaobh cur le húsáid na seirbhísí iompair phoiblí agus iad a fheabhsú. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil lenár scairshealbhóir, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Shane Ross, TD, agus le hoifigigh a Roinne as ucht na tacaíochta a thug siad dúinn le linn 2018.

## Súil Chun Cinn

D'éirigh le Bus Átha Cliath aghaidh a thabhairt ar go leor dúshlán in 2018 agus tá an obair ullmhúcháin déanta aige chun tabhairt faoi dheiseanna agus dúshláin a thiocfaidh chun cinn in 2019. Ina measc siúd, tá siad seo a leanas:

- ullmhúchán chun conradh nua dámhachtana dírí OSP 5 bliana a shíniú i mí na Nollag 2019 chun bonn inbhuanaithe a chur faoin bhforás agus faoin mbrabús.
- monatóireacht a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha agus ullmhú i gcoinne aon bhuillí suaiteacha a d'fhéadfadh an geilleagar a bhualeadh de bharr an Bhreatimeachta agus de bharr dálaí eacnamaíocha ginearálta eile.
- laghdú leanúnach a dhéanamh ar astaíochtaí trí choinneáil suas le teicneolaíochtaí nua agus le feithiclí oiriúnacha.

Leanfar ar aghaidh leis an gclár BusConnects in 2019 agus fágfaidh sé go mbeidh acmhainneacht fáis nach beag ann i leith na seirbhísí bus i réigiún Bhaile Átha Cliath agus go ndéanfar infheistíocht mhór iontu. Go dtí seo, faoin tionscadal sin, bhí Bus Átha Cliath ag díriú ar a chinntiú go gcuirfear san áireamh sa phlé faoin tionscadal an taithí atá againne ar an ngréasán, sa chaoi is go ndéanfar an freastal is fearr is féidir ar riachtanais na gcustaiméirí go léir.

Leag an chuideachta amach a straitéis i leith na tréimhse cúig bliana atá romhainn lena chinntiú go leanfaidh Bus Átha Cliath ar aghaidh ag tapú deiseanna agus ag dul i ngleic le dúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le Seirbhísí OSP agus Seirbhísí Tráchtála araon sa chaoi is go mbeidh an chuideachta inmharthana san fhadtréimhse. Áirítear leis sin spriocanna dúshlánacha airgeadais a bhaint amach chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú don chuideachta agus chun cistí a chur ar fáil i gcomhair infheistíocht leanúnach.

Tá muinín iomlán agam féin agus ag an mbord go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh ag fás agus ag forbairt. Tá fís straitéiseach láidir ag an gcuideachta don todhchaí, agus, idir an fhís sin agus a cultúr agus a cuid luachanna, féachfar chuige go mbeidh Bus Átha Cliath fós ar an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn sna blianta atá romhainn.

**Ultan Courtney**
*Cathaoirleach*
*Bus Átha Cliath*


Phoenix Park 46A
Pt. an Fhionnuisce
GT 93
Dublin Bus


Rialtán an Dorais Éigeandála
Emergency Door Control
ha C ath
Éalú Éigeandála - Emerg ncy Exit



Rialtán an Dorais Éigeandála
Emergency Door Control

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí


## Forbhreathnú

Tháinig méadú mór in 2018 ar an éileamh ar na Seirbhísí OSP agus na Seirbhísí Tráchtála de chuid Bhus Átha Cliath, agus lean an chuideachta ar aghaidh ag cur seirbhísí éifeachtúla, sábháilte, ar féidir brath orthu, ar fáil do na custaiméirí. Tháinig méadú ar líon na gcustaiméirí ar ár gcuid bealaí OSP agus ar na Seirbhísí Tráchtála go 143.5 milliún duine. Baineadh amach an ráta fáis 2.9% sin i mbliain inar tharla athruithe móra sa chuideachta agus léiríonn sé go bhfuil na custaiméirí an-sásta leis na seirbhísí a sholáthraíonn Bus Átha Cliath. Thug an chuideachta isteach réimse mór seirbhísí feabhsaithe agus chuir sí le minicíocht seirbhísí atá ann cheana, go háirithe ag an deireadh seachtaine, mar fhreagairt ar an éileamh mór atá ann go fóill. De bharr go ndearnadh brabús ar na Seirbhísí OSP agus na Seirbhísí Tráchtála araon in 2018, bhí ar chumas Bhus Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag díriú ar eispéireas ár gcustaiméirí a fheabhsú, agus táimid tiomanta i gcónaí do bheith chomh maith is a bhfuil súil ag na custaiméirí leis, agus níos fearr. Leis an méadú a tháinig ar an rátáil fhoriomlán sástachta custaiméirí a tugadh dúinn in 2018, leagtar béim ar an obair atá á cur isteach againn i gcónaí sa réimse sin. Bhí an tiomantas sin d'fheabhas agus nuálaíocht leanúnach i gcroílár na bpríomhthionscadal in 2018.

### Aistir custaiméirí




### Ioncam oibriúcháin




Bhí áthas ar an gcuideachta 141 feithicil bhreise a chur leis an bhflít in 2018, idir bhusanna breise agus chinn nua a thóg áit seanbhusanna. Dul chun cinn eile is ea na busanna nua i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí atá áisiúil, compordach agus inbhuanaithe a chur ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath. Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag oibriú flít busanna a bhfuil rochtain ísealurláir orthu ar fad agus is cúis bhróid aige go bhfuil sé ag freastal ar an bpobal go léir le fada an lá.

Rinne an chuideachta barrachas €0.3 milliún ar na seirbhísí OSP agus taifeadadh barrachas €3.4 milliún i leith Seirbhísí Tráchtála. Tá an chuideachta fós dírithe ar sheirbhísí ardchaighdeáin, atá sábháilte agus éifeachtach, a chur ar fáil do gach custaiméir. Chun cur leis an luach ar airgead, tá an chuideachta tiomanta i gcónaí do bhearta éifeachtúlachta i dtaobh costais a chur i bhfeidhm ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir.

## Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais na bliana 2018

Thuill Bus Átha Cliath barrachas €3.7 milliún in 2018 i gcomparáid le barrachas €1.0 milliún in 2017. Léiríonn an toradh sin, mar a leagtar amach anseo thíos, go ndearnadh barrachas €0.3 milliún i leith Seirbhísí OSP agus barrachas €3.4 milliún i leith Seirbhísí Tráchtála.

| | **2018 €m** | **2017 €m** |
|---|---|---|
| OSP | 0.300 | 0.035 |
| Seirbhísí Tráchtála | 3.387 | 0.968 |
| **Iomlán** | **3.687** | **1.003** |

## OSP

Laghdaigh glanchostas oibriúcháin na seirbhísí OSP ó €47.4 milliún in 2017 go €40.8 milliún in 2018, sin laghdú €6.6 milliún. Léirítear leis sin ioncam méadaithe €9.1 milliún ón gconradh OSP arna fhritháireamh ag caiteachas méadaithe €2.5 milliún. Mar gheall ar an bhfeidhmíocht láidir airgeadais sin, tháinig laghdú ar leibhéal an fhóirdheontais OSP a theastaíonn chun an gréasán seirbhísí OSP a oibriú. Laghdaíodh an fóirdheontas OSP ó €47.5 milliún in 2017 go €41.1 milliún in 2018, sin laghdú €6.4 milliún. Rinneadh barrachas €0.3 milliún i leith na seirbhísí OSP in 2018, agus na costais oibriúcháin go léir san áireamh, i gcomparáid leis an gcóimheá airgid a baineadh amach in 2017.

Tá Bus Átha Cliath fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas a chur ar an ngréasán seirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuirimid ar fáil do na custaiméirí. Aithníonn na páirtithe leasmhara go léir go mbaineann an-tábhacht le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais, rud as a n-eascróidh airgead chun infheistíocht riachtanach a dhéanamh agus seasmhacht níos fearr maidir le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar. Tá an chuideachta fós i mbun plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le leibhéal foriomlán an bharrachais atá de dhíth ar sheirbhísí OSP.

Rinneadh brabús tosaigh €5 mhilliún ar an gconradh OSP in 2018 ach ní áirítear leis na costais incheadaithe faoin gconradh sin an méadú iomlán ar an ráta pá a soláthraíodh faoi chomhaontú pá an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre in 2016. Bhí foráil sa chomhaontú pá sin maidir le méadú 3.75% in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse trí bliana, ag tosú ar an 1 Eanáir 2016. Foráladh sa chomhaontú go ndéanfaí cistiú ar 1% den mhéadú sin trí bhearta éifeachtúlachta inmheánacha. Dá bhrí sin ba é 2.75% an glanmhéadú ar an bpárolla a raibh cistiú de dhíth ina leith. An méadú innéacsnasctha ar chostas an phárolla faoin gconradh thar an tréimhse sin, is lú é ná 2.75%, an ráta a theastaíonn. Nuair a chuirtear na costais sin san áireamh, is é an seasamh glan i leith seirbhísí OSP ná barrachas €0.3 milliún.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas an t-athrú ar an bhfóirdheontas OSP in 2018, i gcomparáid le 2017:

| | **2018 €m** | **2017 €m** |
|---|---|---|
| Fóirdheontas a bhí de dhíth in 2017 | | 47.482 |
| Méadú ar an ioncam OSP in 2018 | (9.131) | |
| Méadú ar an gcaiteachas OSP in 2018 | 2.518 | |
| Athrú glan ar an bhfóirdheontas a bhí de dhíth | | (6.613) |
| Méadú ar an nglanbharrachas OSP in 2018 | | 0.265 |
| **Fóirdheontas a bhí de dhíth in 2018** | | **41.134** |



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Seirbhísí Tráchtála

Leanadh le feidhmíocht láidir na Seirbhísí Tráchtála in 2018 ar Sheirbhísí Airlink agus ar City Tours. Rinne na Seirbhísí Tráchtála barrachas €3.4 milliún in 2018 i gcomparáid le barrachas €1.0 milliún in 2017, sin feabhas €2.4 milliún. Rinneadh é sin trí fhás ioncaim agus trí bhainistíocht spriocdhírithe ar na costais. Tháinig méadú ar an ioncam ó €17.9 milliún go €20.3 milliún, sin méadú €2.4 milliún. Coinníodh an caiteachas ar leibhéil na bliana 2017 faoi phlean spriocdhírithe maidir le costais a bhainistiú. Toisc go bhfuil brabús á dhéanamh le tamall anuas ar na Seirbhísí Tráchtála, tá an bonn againn le haghaidh tuilleadh fáis agus infheistíochta in 2019.

## Ioncam Oibriúcháin Iomlán na Cuideachta

Tháinig méadú €11.6 milliún (4.6%) ar ioncam oibriúcháin iomlán na cuideachta, ó €251.7 milliún go €263.3 milliún in 2018. Is mór an spreagadh a thugann an t-ardú sin dúinn i mbliain inar chuir dhá dhrochbhabhta aimsire isteach ar an ioncam, inar cuireadh síneadh leis na seirbhísí ar an Luas Traschathrach agus inar aistríodh 10% de na bealaí OSP chuig oibreoir nua de réir a chéile thar an tréimhse idir Deireadh Fómhair agus mí na Nollag. Léirítear san ioncam an méadú foriomlán 2.9% ar an éileamh ó chustaiméirí, a bhfuiltear ag freastal air le seirbhísí ardchaighdeáin OSP agus gréasán leathnaithe Seirbhísí Tráchtála.

## Costais Oibriúcháin Iomlána na Cuideachta


Tá méadú tagtha ar chostas oibriúcháin iomlán na cuideachta ó €287.3 milliún in 2017 go €292.9 milliún in 2018, sin glanmhéadú €5.6 milliún. Thabhaigh an chuideachta costais bhreise a bhaineann le seirbhísí breise a sholáthar do chustaiméirí mar gheall ar an éileamh méadaithe a bhí ar na seirbhísí de bharr borradh a bheith faoin ngeilleagar. Na costais mhéadaithe sin a tabhaíodh ar bhonn éilimh, agus an méadú ioncaim a ghabhann leo, chuaigh siad i bhfeidhm ar na torthaí airgeadais don bhliain 2018.

Ina theannta sin, léirítear sa mhéadú ar na costais oibriúcháin an tríú bliain (an bhliain deiridh) de chomhaontú pá na bliana 2016 agus tá méadú pá 3.75% san áireamh ann, a cuireadh chun feidhme ón 1 Eanáir 2018. Déantar 1% den ráta pá méadaithe sin a mhaoiniú trí bhearta éifeachtúlachta inmheánacha as a n-eascraíonn glanmhéadú 2.75% ar an bpárolla.

Tháinig méadú €0.3 milliún nó 0.3% ar an gcaiteachas ar ábhair agus seirbhísí don bhliain i gcomparáid le 2017. Rinneadh an laghdú ar an gcaiteachas ar bhreosla, ar ábhair chothabhála agus ar éilimh a chúiteamh le méaduithe ar chostais a bhaineann leis an gCóras Ticéadaithe Chomhtháite agus seirbhísí eile.

Tá Bus Átha Cliath fós tiomanta do Chonradh Seirbhíse Poiblí a fheidhmiú a mbeidh brabús le déanamh air agus faoina soláthrófar seirbhísí ardchaighdeáin de réir théarmaí an chonartha. Tá an chuideachta tiomanta freisin dá cuid Seirbhísí Tráchtála a fhorbairt.

Rannchuidíonn Bus Átha Cliath go mór i gcónaí le soláthar agus forbairt seirbhísí iompair phoiblí laistigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar seirbhísí iad atá slán sábháilte, ar féidir brath orthu agus atá dírithe ar na custaiméirí.



## Oscailt an Mhargaidh Busanna

I rith 2018, d'éirigh le Bus Átha Cliath a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go ndéanfaí aistriú réidh chuig oibreoir nua ar na bealaí OSP a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair amach ar conradh in 2017. Le linn na tréimhse sin, dhíríomar ar a chinntiú go mbeadh riachtanais na gcustaiméirí fós ina dtosaíocht le linn an phróisis aistrithe agus rinneadh aistriú réidh ar na seirbhísí a bhuí leis an gcur chuige gairmiúil a bhí ag ár bhfostaithe i rith na tréimhse sin agus leis an gcaoi ar chomhoibrigh siad leis an oibreoir eile. Táimid meáite ar ár bhfeidhmíocht a neartú a thuilleadh ó thaobh Seirbhísí OSP agus Seirbhísí Tráchtála araon. Is é an bonn tuisceana atá i mBuiséad 2019 agus i bPlean Cúig Bliana 2019-2023 na Cuideachta go bhfuil Oscailt an Mhargaidh Bus neodrach ó thaobh costais don chuideachta agus go leanaimid orainn ag obair lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun luach ar airgead a bhaint amach maidir le feidhmiú an Chonartha Seirbhíse Poiblí.

## An Tábhacht a bhaineann le Láthair Oibre Shábháilte

Tá sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcustaiméirí ar cheann de na bunluachanna atá ag Bus Átha Cliath. Ag teacht leis an straitéis ghnó atá againn, is é fís na cuideachta é seirbhís iompair a sholáthar ina mbraitheann daoine sábháilte, agus tógáil ar eispéiris na gcustaiméirí agus na bhfostaithe chun feabhas leanúnach a chur ar a gcuid timpeallachtaí oibre agus comaitéireachta.

Soláthraítear i gCóras Bainistíochta Sábháilteachta Bhus Átha Cliath an creat chun dul i ngleic le guaiseacha agus rioscaí san ionad oibre agus leagtar amach ann na struchtúir, na freagrachtaí agus na socruithe le haghaidh bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht. Tá an creat sin bunaithe ar raon cuimsitheach beartas, córas agus nósanna imeachta sábháilteachta ionas gur a laghad is féidir atá an seans go dtarlóidh timpiste d'fhostaithe, do chustaiméirí nó do dhuine ar bith atá faoi thionchar ag gníomhaíochtaí na cuideachta, nó go mbainfear gortú dóibh.

Mar chuid den tiomantas leanúnach atá againn d'fhéachaint chuige go mbeidh na custaiméirí slán sábháilte, rinne Bus Átha Cliath seoladh oifigiúil ar fhíseán nua faoi shábháilteacht custaiméirí, 'Be Aware, Be Safe', ar an 17 Bealtaine 2018. Dírítear aird san fhíseán ar na príomhréimsí a gcaithfidh custaiméirí cuimhneamh orthu agus iad ag taisteal ar an mbus, lena n-áirítear seasamh go sábháilte i scuaine ag stadanna bus, dul suas an staighre agus teacht anuas, na ráillí láimhe a úsáid agus a bheith níos eolaí ar an timpeallacht agus daoine ag seasamh agus ag siúl tríd an mbus. San fhíseán freisin tá teachtaireachtaí tábhachtacha do dhaoine aosta agus do chustaiméirí a bhfuil riachtanais soghluaiseachta acu, agus leagtar béim ann ar ghnéithe éagsúla a bhféadfadh sé nach bhfuil custaiméirí ar an eolas fúthu, amhail rampaí inrochtaineachta ag na doirse tosaigh agus an chaoi ar féidir le gach bus an crochadh tosaigh a ísliú.

Mar chuid den chéad seoladh, cuireadh an físeán chuig páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais, cumainn ghnó, cumainn tuismitheoirí, grúpaí daoine aosta, grúpaí míchumais, aontais mac léinn agus go leor eile. Chomhroinn a lán páirtithe leasmhara an físeán ar a suímh ghréasáin agus ar na meáin shóisialta, rud a spreag aiseolas dearfach. D'fhreastail ionadaithe de chuid na cuideachta ar imeachtaí éagsúla do ghrúpaí daoine aosta i rith na bliana, agus chuir siad taispeántais sábháilteachta ar bord ina láthair, thug siad cóipeanna d'fhíseán nua Bhus Átha Cliath dóibh agus scaip siad bileoga sábháilteachta ábhartha orthu. Sa chomhthéacs foriomlán, b'iontach an rud é a thabhairt faoi deara go raibh laghdú 17% ar líon na dtionóiscí a tharla do chustaiméirí in aghaidh an mhilliúin custaiméir a iompraíodh in 2018 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Sa chéad leath de 2018, leanamar lenár gcuid oibre maidir le sábháilteacht rothaithe a chur chun cinn trí chuairt a thabhairt ar roinnt coláistí tríú leibhéal ar fud na cathrach. Ina measc siúd bhí cuairteanna ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Lean an tionscnamh ón obair phoiblíochta a bhí curtha i gcrích cheana féin in 2017 agus ar bhronn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an gradam 'Leading Light in Road Safety' ar Bhus Átha Cliath dá bharr.

Tar éis gur cuireadh tús leis na seirbhísí ar an Luas Traschathrach i mí na Nollag 2017, lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le Transdev, oibreoir an Luas, agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i rith na bliana. Rinneadh é sin lena chinntiú go raibh gach prótacal agus nós imeachta sábháilteachta ag feidhmiú mar ba cheart i gcomhthéacs seirbhísí comhroinnte busanna agus tramanna.

I mí na Nollag 2018, bhí áthas ar an Rannán Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta i mBus Átha Cliath deimhniúchán a bhaint amach i leith Chaighdeán ISO 45001: 2018 – Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde, a tugadh isteach le déanaí. Tá sé i gceist anois go leathnófaí raon feidhme an deimhnithe i leith an Chaighdeáin sin sna blianta amach romhainn sa chaoi is go gclúdóidh sé oibríochtaí ar fud na cuideachta go léir.

## Forbairtí i dtaobh Seirbhísí Tráchtála

Bhí borradh mór faoinár gcuid Seirbhísí Tráchtála in 2018. Dhírigh an chuideachta ar a cuid táirgí lárnacha, choinnigh sí na costais faoi smacht agus chuir sí le líon na gcustaiméirí ar Airlink agus ar City Tours, agus d'éirigh go geal léi leis na bearta sin.

Iompraíodh 3.4 milliún custaiméir ar na Seirbhísí Tráchtála in 2018, sin méadú 9.7% i gcomparáid le 2017. Baineadh an méid sin amach trí dhíriú ar sheirbhísí do chustaiméirí agus ar fheabhsúcháin oibríochtúla, agus tháinig méadú nach beag ar an ngnó a rinne an tseirbhís Airlink 757 sa dara bliain iomlán oibríochta aige, agus sa ghnó a rinne City Tours.

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

Leanadh leis an bhforbairt ar DoDublin agus tá sé ag teacht chun cinn anois mar bhranda turasóireachta aitheanta iontaofa i measc páirtithe leasmhara, comhpháirtithe gnó agus cuairteoirí ar Bhaile Átha Cliath. De bharr na hinfheistíochta leanúnaí i ngníomhaíochtaí digiteacha, is maith an riocht ina bhfuil DoDublin chun tógáil ar na hathruithe atá ag teacht ar nósanna na dtomhaltóirí.

Is iad na dúshláin atá romhainn in 2019 ná leanúint leis an bhfás sa ghnó i gcomhthéacs iomaíocht mhéadaithe agus i gcomhthéacs na neamhchinnteachta sa mhargadh mar gheall ar an mBreatimeacht.

## Conradh Seirbhíse Poiblí

Tá Bus Átha Cliath fós dírithe ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá air i ndáil le spriocanna feidhmíochta faoin gConradh Seirbhísí Poiblí Dámhachtana Dírí 2014-2019. Sonraítear sa chonradh na caighdeáin feidhmíochta oibríochta agus caighdeáin na seirbhíse do chustaiméirí nach mór dúinn a chomhlíonadh. Baineann na spriocanna le Ciliméadair Chaillte, Iontaofacht, Poncúlacht agus Faisnéis do Chustaiméirí. Táimid meáite ar a chinntiú go mbeidh seirbhís ardchaighdeáin á soláthar do na custaiméirí go léir agus go gcomhlíonfar gach sprioc feidhmíochta. In 2018, rinneamar ár ndícheall a gceart féin a thabhairt don dá thosaíocht ó thaobh cur isteach ar chustaiméirí a laghad ab fhéidir agus féachaint chuige an tráth céanna go raibh bainistiú á dhéanamh ar líon na dtiománaithe sa chaoi is nach mbeadh costais bhreise ar an Státchiste le linn na tréimhse tar éis Oscailt an Mhargaidh Bus.

D'fháiltíomar roimh an bhfógra ón Údarás Náisiúnta Iompair faoi dhul i mbun conradh dámhachtana dírí eile le Bus Átha Cliath chun seirbhísí bus a sholáthar i réigiún cathrach Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2019-2024. Tháinig an togra sin as an athbhreithniú mionsonraithe a rinneadh ar gach gné d'fheidhmíocht, costas agus cáilíocht na cuideachta, thar thréimhse an chonartha dámhachtana dírí reatha. Bhíomar thar a bheith sásta a thabhairt faoi deara go bhfuaireamar toradh an-mhaith ó thaobh shástacht na custaiméirí sa suirbhé a rinne an tÚdarás ar chustaiméirí. Ráta sástachta foriomlán 95% a fuarthas, sin ardú trí phointe i gcomparáid le suirbhé na bliana 2017.

Leanamar ar aghaidh freisin in 2018 ag cuidiú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le 'BusConnects': mórchlár infheistíochta, lena n-áirítear athdhearadh a dhéanamh ar ghréasán busanna na cathrach agus sraith chomhthreomhar tionscadal chun feidhmíocht an ghréasáin a fheabhsú, amhail tosaíocht do bhusanna agus feabhas ar an mbonneagar. Bhí ról lárnach ag an gcuideachta freisin sa phleanáil a rinneadh i gcomhair imeachtaí móra, ar nós chuairt an Phápa Proinsias i mí Lúnasa, agus i dtaobh seirbhísí iompair a chur ar fáil dóibh.

## Inrochtaineacht – Seirbhís Bus do Chách

Tá seirbhís atá inrochtana go hiomlán fós á soláthar ag Bus Áthas Cliath. Agus seirbhís iompair phoiblí á soláthar againn, cuirimid san áireamh riachtanais inrochtaineachta ár gcustaiméirí uile. Reáchtálamar ceithre chruinniú le meithleacha úsáideoirí in 2018 ar fhreastail grúpaí míchumais orthu. D'éisteamar leis na cúiseanna imní a bhí acu agus chuireamar feabhas ar an tseirbhís a sholáthraímid dá réir. In 2018, faoin Scéim Cúnaimh Taistil, tugadh tacaíocht do 1,047 duine chun foghlaim conas taisteal go neamhspleách ar chóras iompair phoiblí Bhaile Átha Cliath. Ina measc siúd bhí 506 duine a bhfuil deacracht foghlama acu, 372 duine a bhfuil deacracht ghluaiseachta acu agus 169 duine a bhfuil deacracht chéadfach acu. Is éagsúil iad na riachtanais a bhíonn ag na daoine a dteastaíonn cúnamh uathu: teastaíonn cabhair ó roinnt daoine ag dul ag an gcoláiste nó ag an obair agus abhaile arís, agus bíonn cuidiú ag teastáil ó dhaoine eile ar chúiseanna sóisialta, ar nós bualadh le cairde nó cuairt a thabhairt ar dhaoine muinteartha leo. Bíonn an cúnamh a thugtar do gach duine ag brath ar na riachtanais atá aige nó aici féin; is é a bhíonn ag teastáil ó fhormhór na ndaoine ná oiliúint maidir le dul óna dteach go dtí an stad bus, dul ar an mbus agus teacht den bhus, agus cúnamh maidir le dul chuig a gceann scríbe.

Chomh maith leis sin, labhair ár gcúntóirí taistil le 24 grúpa daoine aosta agus reáchtáil siad 50 cruinniú faisnéise le heagraíochtaí míchumais agus eagraíochtaí eile.

Bhí Craobhchomórtas Domhanda Leadóige na nDall ar siúl i gClub Leadóige Sheanchille agus ghlac trí thír déag páirt ann. Chomh maith leis an 1,047 babhta cúnamh taistil in 2018, le linn an chomórtais leadóige ceithre lá chabhraigh ár bhfoireann cúnaimh taistil leis na hiomaitheoirí taisteal ó Dhún Laoghaire chomh fada le Seanchill agus ar ais.

## Dul Chun Cinn ó thaobh na Teicneolaíochta

Is é an tUathchóras Aimsithe Feithiclí an phríomhuirlis chun seirbhísí a rialú agus a rialáil; cuireann sé sonraí fíor-ama chuig córais éagsúla Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí agus cuireann sé sonraí staitistiúla ar fáil don Údarás Náisiúnta Iompair chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta ó thaobh soláthar seirbhíse.

I suirbhéanna neamhspleácha a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair, fuarthas go raibh an Fhaisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí ar chomharthaí ag na stadanna bus cruinn 97% den am. Is cruinne fós a bhíonn sí ar an suíomh gréasáin agus ar an aip fóin póca. Faoi dheireadh 2018, bhí 606 scáileán Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí ag stadanna bus. Tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair, le cúnamh uainne, 30 scáileán eile a chur leis an líon sin in 2019.

Tá fógraí fuaime agus físe faoin gcéad stad eile ar gach bus nua. Déantar fógraí fuaime ar gach bus i bhflít feithiclí Bhus Átha Cliath. Tá scáileán ar a bhfógraítear an chéad stad eile ar 997 bus.

## An Cárta Leap

Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí 3.7 milliún cárta Leap eisíthe, i gcomparáid le 2.8 milliún cárta faoi dheireadh na bliana 2017. Baineadh úsáid ghníomhach (sa dara leath de 2018) as 1.2 milliún cárta. Bíonn ticéid réamhíoctha de chuid Bhus Átha Cliath – Airlink, Nitelink, Travel 90 (ticéad singil) agus ticéid i gcomhair City Tours ina measc – fós ar fáil ar chártaí cliste indiúscartha, chun freastal ar an margadh turasóireachta den chuid is mó. Úsáideadh cártaí Leap i gcás thart timpeall is 81% de na haistir paisinéirí in 2018, sin méadú ó 76% ag tús na bliana.

Ar feadh 2018, lean an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar aghaidh ag eisiúint Cártaí Seirbhíse Poiblí a raibh teidlíocht saorthaistil ag gabháil leo, lena n-úsáid ar ár gcuid seirbhísí. San iomlán, bhí 418,000 Cárta Seirbhíse Poiblí gníomhach le teidlíochtaí taistil á n-úsáid ag deireadh 2018, sin méadú ó 370,000 ag deireadh 2017.

Is mó agus is mó an úsáid atá á baint as aip an chárta Leap le himeacht ama. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí creidmheas leictreonach dar luach thart ar €4.5 milliún in aghaidh na míosa á chur leis na cártaí Leap tríd an aip sin. I gcomparáid leis sin, thart ar €3.0 milliún in aghaidh na míosa a bhí i gceist in 2017.

## Taighde Margaidh

Rinneamar an babhta bliantúil den rianú branda i mí an Mheithimh 2018. Faoin ngné allamuigh den suirbhé, cuireadh agallamh duine le duine ar leath na rannpháirtithe agus agallamh ar líne ar an leath eile. Bhí úsáid na seirbhísí agus an tsástacht ina leith seasmhach le roinnt blianta anuas, ach tá laige fós i gceist i measc an chohóirt daoine atá 35-54 bliain d'aois. Léiríonn an treocht fhadtéarmach go bhfuil meon dearfach tríd is tríd ag daoine i leith bhranda Bhus Átha Cliath. Bíonn daoine an-sásta leis na haistir, agus tá méadú mór tagtha ar an úsáid a bhaintear as an gcárta Leap. Sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, tá feabhsuithe móra á ndéanamh againn agus is maith mar atáimid ag feidhmiú i dtimpeallacht iomaíoch. Bítear fós i mbun taighde bliantúil agus beidh na torthaí nua ar fáil i mí an Mheithimh 2019.

## Tacaíocht do Bhród Bhaile Átha Cliath

Is cúis bhróid ag Bus Átha Cliath é an Fhéile Bhróid a bheith á hurrú aige le fada an lá. In 2018, chruthaíomar 'An Bus is Bródúla' san fheachtas don pharáid Bhróid – agus é líon lá le Daideanna Bródúla.

Bhí trí chéim i gceist leis an bhfeachtas sin.

Le haghaidh Chéim 1, 'An Bus is Bródúla', choimisiúnaíomar 2 rapar bus iomlán mar aon le 50 rapar taobh 'Gabh ar Bord le Bród' ar bhusanna ar fud an fhlít feithiclí, ar feadh ceithre seachtaine den fheachtas.



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

Bhí Céim 2, 'Na Daoine is Bródúla', dírithe ar an meon pobail a chothú. Reáchtáil ár bhfoireann Meán agus Cumarsáide comórtas ar na meáin shóisialta inar tugadh cuireadh do chustaiméirí a bheith inár gcuideachta ar bord an bhus sa Pharáid Bhróid, agus suaitheantais Bhróid ar a raibh branda Bhus Átha Cliath á gcaitheamh acu. Bhí 5,500 suaitheantas ar fáil do chustaiméirí agus d'fhostaithe lena gcaitheamh sa tréimhse roimh an Fhéile Bhróid agus ar an lá féin.

Ba é Céim 3, 'An Bus is Bródúla san Fhéile Bhróid' príomhghné an fheachtais. Físeán a bhí i gceist leis, a scaipeadh ar bhealaí digiteacha lena n-áirítear YouTube, Twitter, Facebook, Instagram agus LinkedIn i ndiaidh na paráide. Taispeánadh san fhíseán radhairc anseo is ansiúd ó pharáid na gcustaiméirí agus na bhfostaithe agus bród an domhain orthu, agus na suaitheantais Bhróid dá gcuid á gcaitheamh acu.

I mí Iúil, nochtamar ár bhfíseán 'Proud Dads' i gcomhair na Féile Bród 2018. Bhíomar ag iarraidh a léiriú conas a thacaímid, mar eagraíocht chuimsitheach éagsúil, leis an bpobal LADTA+ agus le Féile Bhród na nAerach.

D'éirigh go hiontach leis an bhfeachtas, agus tugadh aitheantas dó agus léiríodh meas air ar scála domhanda. Tá achoimre thíos ar an bhfreagairt ón domhan mór:

## Feachtas Luacha ar Airgead

Thug Bus Átha Cliath faoi thaighde agus fuair sé amach go bhfuil dearcadh ginearálta ag an bpobal gur casta an rud é úsáid a bhaint as an gcárta Leap, agus nach bhfuil a lán daoine ar an eolas faoin gcaoi ar féidir airgead a shábháil ach an cárta sin a úsáid. Sheolamar ár bhfeachtas 'Leap & Save' in 2018 chun é a chur ar a súile don phobal gur féidir airgead a spáráil ach an Cárta Leap a úsáid, agus chun comhairle a chur ar chustaiméirí maidir le conas is féidir airgead a spáráil ar an gcaoi sin.

Is fusa i gcónaí ábhar a fhoghlaim má bhaineann gné shiamsaíochta leis freisin, agus bhí an dá rud sin i gceist againn san fheachtas sin. D'úsáideamar carachtar aitheanta amhail an meicneoir chun na céimeanna agus na rialacha a chur in iúl maidir leis an leas is fearr agus is saoire a bhaint as an gcárta Leap. Chuir sé sin ar ár gcumas dúinn teachtaireachtaí éagsúla a chur in iúl go díreach dár gcustaiméirí, agus muid ag freastal freisin ar ghné na siamsaíochta trí ghuth aitheanta Bhus Átha Cliath. Chuamar i gcomhar le fear a bhfuil clú agus cáil air as na cúil a shábháil, Shay Given – a bhíodh ina chúl báire le foireann na hÉireann – chun ár gcustaiméirí a chur ar an eolas maidir le conas airgead a shábháil leis an gcárta Leap.

D'éirigh thar barr lenár bhfeachtas 'Leap & Save' agus tá achoimre thall ar an bhfreagairt a tugadh air sna meáin shóisialta:

**Os cionn 108 milliún**
imprisean

**7.5 milliún amharc**
ar an bhfíseán 'Proud Dads'




**Comhroinneadh é 285,937 uair**
ar na meáin shóisialta, agus bhí BBC News World agus an Taoiseach ina measc siúd a dhírigh aird air

**90** alt in **70** foilseachán

Clúdach eagarthóireachta in **17** dtír

**Rannpháirtíocht sna Meáin Shóisialta**
2,300,652 imprisean
*lenar cuimsíodh:*
Facebook 1,482,262
Twitter 818,390

**Anailísíocht Suímh Gréasáin**
23,420 seisiún
78.5% seisiún nua
16,097 úsáideoir nua

**Meirgí Digiteacha**
2,437,268 imprisean
Ráta cliceála ar aghaidh: 0.64%

**Ríomhphost Díreach**
Oscailte 31,692 uair thar mheánlíon
35,140 custaiméir

**YouTube**
160,783 amharc ar na físeáin go léir

## Straitéis Dhigiteach

Bíonn Bus Átha Cliath fós ag infheistiú san fhógraíocht ar na meáin dhigiteacha agus ar na meáin shóisialta chun cumarsáid a dhéanamh ar gach leibhéal lenár gcustaiméirí. Murab ionann agus an mhargaíocht thraidisiúnta, cuireann na meáin shóisialta ar ár gcumas dúinn idirghníomhú lenár gcustaiméirí ar bhonn láithreach díreach.

Rinneadh an aip atá againn a íoslódáil 1,993,719 uair faoin 31 Nollaig 2018. Ba i gcomhair ghléasanna Android a bhí 52% de na híoslódálacha, agus ba i gcomhair iOS a bhí 48% díobh. I gcás 74% den trácht iomlán custaiméirí a thug cuairt ar an suíomh gréasáin, ba ó ghléas móibíleach a tháinig siad.

Bíonn an chuideachta fós ag baint úsáid as na meáin shóisialta mar uirlis chun tacaíocht a mhúscailt don bhranda, chun an obair atá ar bun aici sa phobal faoi láthair a chur chun cinn agus chun comhpháirtíochtaí agus comhaontais a fhorbairt. Chun an méid sin a bhaint amach, chuir an chuideachta chun feidhme plean rannpháirtíochta, is é sin féilire ina gcuirtear seirbhísí agus táirgí chun cinn ag teacht le himeachtaí a bhíonn ar siúl i mBaile Átha Cliath.

Príomhbhealach cumarsáide eile is ea an Ríomhphost Díreach. Baineanna an chuideachta leas as chun teachtaireachtaí a sheoladh go rialta ar mhaithe le custaiméirí a chur ar an eolas faoi scéalta nuachta an ghnólachta agus faoi fheachtais mhargaíochta. Bímid i dteagmháil lenár gcustaiméirí dílse le ríomhphoist dhíreacha agus coinnímid ar an eolas iad i gcaitheamh na bliana.

Ní mór a thabhairt faoi deara gur tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018.

Lena chinntiú go gcomhlíonfaí an Rialachán sin, iarradh ar gach custaiméir ar ár mbunachar sonraí ríomhphoist a ainm nó a hainm a chlárú arís chun teachtaireachtaí ríomhphoist a fháil uainn. B'éigean ríomhphost a chur chuig gach duine a bhí cláraithe linn agus iarraidh orthu clárú arís chun nuashonruithe ríomhphoist a fháil. Ar ndóigh, tháinig laghdú mór ar líon na ndaoine atá cláraithe linn dá bharr sin. Bhí 35,140 custaiméir cláraithe linn chun teachtaireachtaí ríomhphoist a fháil uainn amhail an 31 Nollaig 2018. Is daoine iad sin atá gníomhach agus a bhíonn i mbun rannpháirtíochta linn.

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Na Meáin Shóisialta agus Ríomhphost Díreach

| **Facebook lucht leanúna** | **Twitter lucht leanúna** | **Instagram lucht leanúna** | **Meántrácht ar an suíomh gréasáin** in aghaidh na míosa | **Clárú i gcomhair ríomhphoist** |
|---|---|---|---|---|
| **2018 56,084** | **2018 103,165** | **2018 3,288** | **2018 1,541,901** | **2018 35,140** |
| 2017 48,000 | 2017 81,000 | 2017 gan chuntas | 2017 1,375,188 | 2017 418,000 |

## Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht

In 2018 bhí flít 1,010 bus ar an mbóthar againn, a chlúdaigh 57.1 milliún ciliméadar. Úsáid breosla atá i gceist leis an gcuid is mó den ídiú fuinnimh, agus baineann sé sin le feidhmiú an fhlít. Úsáideadh 26.7 milliún lítear breosla díosail in 2018. Áirítear ar na príomhthomhaltóirí fuinnimh eile na seacht n-iosta atá againn agus ár gcuid foirgneamh oifige. San áireamh san úsáid fuinnimh tá breosla a úsáideann na busanna (94.5% den fhuinneamh a ídítear), leictreachas a úsáidtear ag áitribh Bhus Átha Cliath (1.5% den fhuinneamh a ídítear) agus ídiú gáis ag na háitribh (4% den fhuinneamh a ídítear). Formhór an leictreachais a úsáidtear sna hiostaí, is i gcomhair soilse sna foirgnimh agus sna limistéir taobh amuigh atá sé, agus i gcomhair an trealaimh oifige. Is chun áitribh a théamh a úsáidtear an gás den chuid is mó. Is iad na soilse, an trealamh oifige agus na haonaid aerchóireála a úsáideann formhór an fhuinnimh sna hoifigí.

In 2018, d'ídigh an chuideachta 283,160 MWh fuinnimh, sin laghdú 12,070 MWh i gcomparáid le 2017:

| | 2018 MWh | 2017 MWh |
|---|---|---|
| **Díosal don fhlít busanna** | 267,592 | 280,716 |
| **Leictreachas** | 4,457 | 4,517 |
| **Gás nádúrtha** | 11,111 | 9,997 |



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

### Bearta a Rinneadh in 2018

In 2018 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Glacadh le 141 bus nua atá feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6 – inneall níos lú agus níos éifeachtaí a úsáidtear in éineacht le fonnadh níos éadroime chun ídiú breosla a laghdú.
- Leanadh ar aghaidh ag cur oiliúint Vigil Vanguard ar na tiománaithe.
- Soláthraíodh oiliúint maidir le teicnící tiomána atá báúil don chomhshaol trí Dheimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe (CPC).
- Leanadh ag aghaidh ag cur soilse dé-óid astaithe solais (LED) in áit seansoilse sna foirgnimh agus amuigh faoin spéir de réir mar a chlis orthu.
- Suiteáladh córais bainistíochta breosla sna hiostaí go léir ar fud na cathrach agus ar an bhflít iomlán feithiclí.
- Rinneadh monatóireacht níos fearr ar fhuinneamh agus rinneadh cuíchóiriú ar an acmhainn fuinnimh.

### Bearta i gcomhair 2019

In 2019 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Tuilleadh feithiclí nua a cheannach a bheith feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6. Tógfaidh na feithiclí nua sin áit seanfheithiclí nach bhfuil chomh héifeachtach leo.
- Triail a bhaint as naoi mbus hibrideacha ag a bhfuil coscánú athghiniúnach ionas gur lú an méid breosla a ídeofar.
- Triail a bhaint as teicneolaíocht tiomána atá báúil don chomhshaol, le córas teileamaitice ar bord na bhfeithiclí.
- Úsáid a bhaint as sonraí ón gcóras bainistíochta breosla i ngach iosta chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar úsáid breosla.
- Leanúint ag aghaidh ag cur soilse LED in áit seansoilse.
- An Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a chur chun feidhme.
- Leanúint ar aghaidh ag cuardach deiseanna eile fós chun fuinneamh a spáráil ar fud na cuideachta tríd an gCóras Bainistíochta Fuinnimh atá againn.

## An Clár um Fheithiclí a Athsholáthar

Le linn 2018, ghlac Bus Átha Cliath le 141 bhus nua dhá urlár ina bhfuil fonnadh Volvo B5TL agus cabhalra de chuid Wrightbus. Ceannaíodh 61 feithicil díobh sin in ionad na mbusanna a aistríodh chuig an oibreoir nua faoi Oscailt an Mhargaidh Bus. Idir 1 bhliain d'aois agus 5 bliana a bhí na busanna a aistríodh chuig an oibreoir nua. An chuid eile de na feithiclí nua a fuarthas, cuireadh in ionad seanfheithiclí iad, agus stopadh á n-úsáid siúd.

Tá na feithiclí nua sin ag cloí leis na caighdeáin is déanaí Euro 6 i dtaobh astaíochtaí, agus fágfaidh siad go mbeidh feabhas mór le sonrú i dtaobh astaíochtaí nítrigine ocsaíde agus astaíochtaí cáithníneacha. Tá cabhalra na bhfeithiclí cuid mhór níos éadroime agus níos éifeachtaí i dtaobh úsáid breosla ná mar a bhíodh i gcás déanaimh bhusanna roimhe seo, rud a laghdóidh na hastaíochtaí CO2 freisin. Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe eile fós feistithe ar na busanna nua a fheabhsóidh a n-aistear do na custaiméirí, agus beidh na custaiméirí níos sásta dá bharr sin. Ina measc siúd, tá spás ar leith do chathaoireacha rotha agus do bhugaithe, eolas do phaisinéirí faoin gcéad stad eile, acmhainn Wi-Fi agus soicéid luchtaithe USB do na paisinéirí. Chomh maith leis sin, tá doirse i lár na bhfeithiclí anois ionas gur fusa dul suas ar na feithiclí, agus laghdófar amanna feithimh ag na stadanna dá mbarr. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a d'íoc as na feithiclí nua sin go léir a cuireadh in ionad seanfheithiclí. Rinneadh dul chun cinn leanúnach ar Chlár Athchóirithe an Fhlít i rith 2018 ar bhusanna VG agus EV, agus críochnaíodh an obair i leith 69 bus san iomlán.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Is é an fhís atá ag Bus Átha Cliath ó thaobh Freagracht Chorparáideach 'An saol i mBaile Átha Cliath a chur chun cinn trí thacú leis na daoine agus na pobail ar cúis bhróid againn é freastal orthu, agus a saol a fheabhsú agus a shaibhriú'. Táimid inár mball de Business in the Community Ireland (BITCI), grúpa cuideachtaí atá tiomanta do chur go leanúnach lena ndea-thionchar ar an tsochaí. Táimid ag obair le BITCI chun straitéis nua a cheapadh i leith Freagracht Chorparáideach lena bhfeabhsófar ár dtiomantas do bheith inár n-eagraíocht fhreagrach a bhfuil ról gníomhach againn maidir le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil agus saol an phobail. Beidh an straitéis dírithe ar chúig réimse freagrachta gnó:

- An Pobal
- An Áit Oibre
- An Margadh
- Cúrsaí Comhshaoil
- Rialachas agus Cumarsáid i leith Freagracht Chorparáideach

Bunaíodh grúpa stiúrtha i leith na Freagrachta Corparáidí freisin, ar a bhfuil saineolaithe inmheánacha i ngach réimse chun comhairle a thabhairt, chun féachaint chuige go gcuirfear i bhfeidhm an straitéis freagrachta corparáidí agus chun na cláir agus na gníomhaíochtaí go léir dár gcuid a mbeidh baint acu leis an bhfreagracht chorparáideach a threorú agus a athbhreithniú. Féachfar chuige leis sin go mbeidh aird ar an bhfreagracht chorparáideach ar fud an ghnó.

## Tionscnamh Meoin Pobail

Tríd an Tionscnamh Meoin Pobail, leanaimid leis an ról gníomhach atá againn sna pobail ina bhfeidhmímid. Baineann trí phríomhghné leis an tionscnamh foriomlán, mar atá:


- Na Gradaim Meoin Pobail
- An Clár Oideachais Scoile
- Tacaíocht d'imeachtaí áitiúla agus imeachtaí cultúir

Ó cuireadh tús leis na Gradaim Meoin Pobail in 2004, tá deontais tugtha againn do níos mó ná 1,800 grúpa pobail agus grúpa deonach ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. I mbliana, bronnadh deontais dar luach €1,000, €2,000 nó €5,000 ar 85 grúpa, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh tionscadail nua a fhorbairt, a gceantar a fheabhsú agus cabhrú le meon an phobail a chothú. Ba iad buaiteoirí na nduaiseanna móra i mbliana: Acquired Brain Injury Ireland, CARI, Children in Hospital Ireland, Cooking for Freedom agus Genesis Psychotherapy and Family Therapy Service.

Fostaíonn Bus Átha Cliath Comhordaitheoirí Scoile agus Pobail a bhfuil de chúram orthu meas ar an iompar poiblí a chothú i measc páistí, tríd an gClár Oideachais Scoileanna. In 2018, thug na Comhordaitheoirí 383 cuairt ar scoileanna náisiúnta. Gach bliain, tugtar cuireadh do scoileanna éagsúla páirt a ghlacadh i gComórtas Ealaíne na Scoileanna, agus bíonn cuid de na saothair a bhuann duaiseanna le feiceáil i bhféilire nua a tháirgtear gach bliain. Chuir breis agus 2,000 páiste as 26 scoil isteach ar an gcomórtas i mbliana. Tá dá bhus againn i gcomhair an Tionscnaimh Meoin Pobail, agus tugtar na mílte páiste ar thurais scoile agus chuig tionscadail samhraidh orthu gach bliain. In 2018 rinne busanna an Tionscnaimh Meoin Pobail 370 turas. I mbliana, den chéad uair, cuireadh 11 saothar ealaíne ó Chomórtas Ealaíne na Scoileanna ar rapar speisialta ar cheann de bhusanna an Tionscnaimh Meoin Pobail. Ní hé amháin go raibh na saothair sin le feiceáil ar an bhféilire, ach cuireadh ar crochadh iad, in éineacht le 30 saothar eile as Féilire Ealaíne na bPáistí 2019, ag taispeántas speisialta i nDánlann Chathrach Hugh Lane ar an 22 Samhain 2018 chun féilire na bliana 2019 a sheoladh.

Is cúis bhróid againn é tacú le tionscnaimh agus imeachtaí cultúir ar fud na cathrach. Thairis sin, fágann sé an deis againn cuidiú le tionscadail a théann chun tairbhe na bpobal áitiúil agus dul ag obair i gcomhpháirt leo. I mbliana thugamar tacaíocht do na himeachtaí seo a leanas:

- An fhéile Experience Japan
- An fhéile Darkness into Light
- Lá na hAfraice
- Féile UCD
- LADTA+ Bród Bhaile Átha Cliath
- An Oíche Chultúir



# An Fhoireann Ardbhainistíochta

**Is ag 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, atá an fhoireann ardbhainistíochta lonnaithe, foireann atá ag feidhmiú faoi stiúir agus faoi threoir ár bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin, Ray Coyne.**

Tá ár bhfoireann ardbhainistíochta freagrach as róil éagsúla a chomhlíonadh mar chuid de na príomhfheidhmeanna gnó i réimsí cosúil le hoibríochtaí, airgeadas, acmhainní daonna, forbairt gnó agus innealtóireacht.



## An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ceapadh Ray Coyne ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhus Átha Cliath in 2015. Tá taithí breis is 25 bliain ag Ray leis an gcuideachta agus roimh thosú sa ról ina bhfuil sé faoi láthair, bhí sé ina Bhainisteoir Seirbhísí sa Rannóg Acmhainní Daonna.

Ar feadh a shaol oibre go léir, fuair Ray tuiscint dhomhain ar earnáil an chórais phoiblí iompair ó thaobh na bpáirtithe leasmhara go léir. Ag obair dó mar Bhainisteoir Tionscadail le haghaidh Network Direct, an t-athbhreithniú is mó ar líonra iompair phoiblí san Eoraip, is eisean a bhí freagrach as athdhearadh straitéiseach agus cur i bhfeidhm an phríomhghréasáin iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ag obair i roinnt ról oibríochta níos luaithe ina shaol oibre, lena n-áirítear Bainisteoir Oibríochtaí Ceantair, ag Iosta Bhaile Anraí agus Iosta Bhóthar Conyngham. Tá céim Mháistir sa Riarachán Gnó (MBA) ag Ray ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus céim onóracha i gCórais Bhainistíochta agus Faisnéise ó Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath.



## Ceann Oibríochtaí

Ceapadh Dónal Keating ina Cheann Oibríochtaí in 2011. Bhain sé Céim Innealtóireachta amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus thosaigh sé ag obair le Bus Átha Cliath in 1980 sa Rannóg Pleanála Seirbhísí. Bhí poist ardbhainistíochta éagsúla aige san eagraíocht ó shin i leith. Tá MSc san Iompar ag Dónal, mar aon le MBA agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bóthar. Is comhalta é den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT) agus d'institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI), agus tá sé ina chomhalta de chomhairle CILT faoi láthair.



## An Príomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí na Cuideachta

Is í Andrea Keane Príomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta Bhus Átha Cliath, agus tháinig sí ag obair leis an gcuideachta i mí Mheán Fómhair 2016. Bhíodh Andrea ag obair roimhe seo mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus Rúnaí Cuideachta le Bus Éireann, agus thosaigh sí sa ról sin in 2006. Tá Andrea freagrach as cúrsaí airgeadais sa chuideachta, agus ina cáil mar Rúnaí Cuideachta is ise atá freagrach as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, ar cheisteanna rialachais. Is ball d'Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta í Andrea. Idir 1997 agus 2006 bhí Andrea ag obair mar Bhainisteoir na gCuntas Bainistíochta in Iarnród Éireann, agus tá tréimhsí caite aici freisin ag obair i réimse na Cuntasaíochta Airgeadais agus Bainistíochta san earnáil phríobháideach.



## An Príomhinnealtóir

Ceapadh Frank Kerr ina Phríomhinnealtóir ag Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2018. Is eisean atá freagrach as gnéithe teicniúla, sábháilteacht, cothabháil agus feidhmíocht an fhlít. Bhí sé ina Innealtóir Shinsearach roimhe i Roinn an Phríomhinnealtóra ó 1990 agus ina Bhainisteoir Cothabhála sa Rinn ó 1987 go 1990. Roimhe sin, bhí sé ina Bhainisteoir Cothabhála do CIÉ i gCorcaigh ó 1984 go 1987agus freagracht air as cothabháil na mbusanna agus na bhfeithiclí lastais bóthair a bhí ag feidhmiú i réigiún an Deiscirt. Bhain sé amach céim Bhaitsiléara san Innealtóireacht Mheicniúil ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá sé ina bhall de Institiúid Innealtóirí na hÉireann.



## Ceann Acmhainní Daonna agus Forbartha

Ceapadh Phil Donohue ina Cheann Acmhainní Daonna agus Forbartha in 2010. Roimhe sin bhí sé ina Bhainisteoir um Chaidreamh le Fostaithe. Sa phost ina bhfuil sé faoi láthair tá sé freagrach as an bhfeidhm acmhainní daonna a threorú agus a bhainistiú agus as cruthú, cur chun feidhme agus cothú na straitéise foriomláine acmhainní daonna a mbaineann an-tábhacht léi i dtaobh a chinntiú go n-éireoidh go geal le Bus Átha Cliath go fóill sna blianta atá romhainn. Thosaigh Phil ag obair le Bus Átha Cliath in 1984 agus bhí poist oibríochtúla éagsúla aige, lena n-áirítear post an Bhainisteora Rannáin i Limistéar an Iarthair, Limistéar an Iarthuaiscirt agus Limistéar an Deiscirt.



## Ceann Forbartha Tráchtála agus Gnó

Thosaigh Ciarán Rogan ag obair le Bus Átha Cliath in 2017. Tá sé freagrach as cáilíocht agus as eispéireas na gcustaiméirí; feidhmíocht tráchtála agus forbairt ghnó; margaíocht, cumarsáid agus gnóthaí poiblí; gnóthaí rialála; faisnéis do chustaiméirí agus gníomhaíocht dhigiteach. Tá an-taithí ag Ciarán ar an iompar poiblí le Translink i dTuaisceart Éireann agus tríd an gCumann Idirnáisiúnta Iompair Phoiblí (UITP). Bhíodh sé ag obair freisin in earnálacha an ardoideachais, na turasóireachta, an agraibhia agus an chomhairliúcháin. Tá céim bainte amach aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ón Université Catholique de Louvain agus ó Ollscoil Uladh.


Clongriffin
via City Centre
15
Transport for Ireland
Connecting your transport services
SG272
VOLVO
Dublin Bus
172-D-8138
29758


WESTLIFE
THE TWENTY TOUR
JAMES ARTHUR
WILD YOUTH
FRI 5 & SAT 6 JULY
CROKE PARK, DUBLIN
Clongriffin 15
via City Centre
Bus Átha Cliath
SG272
TAXI

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

### An Bord Stiúrthóirí amhail an 3 Aibreán 2019

An tUasal U. Courtney (Cathaoirleach)

An tUasal S. Hannan

E. Howley Uasal

S. Madden Uasal

An tUasal T. O'Connor

An tUasal J. Quinn

### An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An tUasal R. Coyne

### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

A. Keane Uasal
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

### Oifig Chláraithe:

Bus Átha Cliath
59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

**Teileafón:** +353 1 872 0000
**Suíomh Gréasáin:** www.dublinbus.ie
**Uimhir Chláraithe:** 119569

Cuideachta faoi theorainn scaireanna atá cláraithe mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

### Iniúchóirí Neamhspleácha

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Áras Deloitte & Touche
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2



# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí 2014, faoin Acht Iompair 1950 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

## Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'), déanaimidne, na stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí mar atá sainithe in alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí cuí'); agus
2. Deimhnímid:
   - (i) gur ullmhaíodh ráiteas comhlíontachta (mar a mhínítear in alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na cuideachta (a mheasaimid atá oiriúnach don chuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí ag an gCuideachta;
   - (ii) gur cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasaimid atá ceaptha lena chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus
   - (iii) go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Átha Cliath agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe ionas go mbeidís ag cloí go hiomlán le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014 i ndáil le Ráitis Chomhlíontachta Stiúrthóirí. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ionas go bhféadfaí an dearbhú sin a thabhairt. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t-athbhreithniú sin thar ceann na gcuideachtaí oibríocha go léir atá i nGrúpa CIÉ agus is é Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ a bhí ina bhun. Cuireadh tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca Bhus Átha Cliath agus rinne an Coiste sin athbhreithniú mionsonraithe air. Dearbhaíodh sa tuarascáil go raibh Bus Átha Cliath ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a bhaineann le Ráitis Chomhlíontachta Stiúrthóirí.

## Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád de réir Alt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Tá na taifid chuntasaíochta á gcoimeád ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Scairchaipiteal

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na cuideachta leagtha amach i nóta 18. Ní raibh aon ghluaiseachtaí sa scairchaipiteal i rith na bliana.

Níl fochuideachta ar bith ag an gcuideachta ná infheistíocht ar bith i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe sin.

## Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta a thionól uair amháin gach bliain féilire cibé tráth (nach faide ná cúig mhí dhéag tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin) agus cibé áit a leagfaidh na stiúrthóirí síos. Féadfaidh na stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann.

## Gnóthas Leantach

Tá comhaltaí an bhoird stiúrthóirí deimhin de go mbeidh a dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá réir sin, tá bonn an ghnóthais leantaigh fós á roghnú acu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta seirbhís chuimsitheach bus a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus don cheantar máguaird.

# *Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

Is ag Córas Iompair Éireann (CIÉ), comhlacht reachtúil atá ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá 100% de scairchaipiteal eisithe na cuideachta.

Tháinig méadú 4.6% ar an ioncam oibriúcháin iomlán go dtí €263.3 milliún in 2018 ó €251.7 milliún an bhliain roimhe sin. Bhí borradh seasta faoin éileamh ó phaisinéirí i rith na bliana 2018. Thaistil 143.5milliún custaiméir le Bus Átha Cliath; sin méadú 2.9% i gcomparáid le 139.4 milliún i 2017.

Thuill Bus Átha Cliath barrachas €3.7 milliún in 2018. Tá sé sin i gcomparáid le barrachas €1 milliún in 2017. Rinne na Seirbhísí Tráchtála barrachas €3.4 milliún agus baineadh amach barrachas €0.3 milliún i leith na seirbhísí OSP.

Ar phríomhghnéithe na dtorthaí airgeadais tá méadú €11.6 milliún ar an ioncam oibriúcháin agus méadú €5.6 mhilliún ar na costais oibriúcháin.

Tá Bus Átha Cliath fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas a chur ar an ngréasán seirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí a thairgimid do na custaiméirí. Aithníonn na páirtithe leasmhara go léir go mbaineann an-tábhacht le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais, rud as a n-eascróidh airgead chun infheistíocht riachtanach a dhéanamh agus seasmhacht níos fearr maidir le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar. Tá an chuideachta fós i mbun pléití leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le leibhéal foriomlán an bharrachais atá ag teastáil ar sheirbhísí OSP. Cuireadh brabús OSP tosaigh dar luach €5.0 mhilliún ar fáil le conradh OSP sa bhliain 2018, ach ní chumhdaítear costais phárolla uile Chomhaontú Pá 2016 leis an gconradh sin. Nuair a chuirtear na costais sin san áireamh is ionann glansuíomh Bhus Átha Cliath agus barrachas de €0.3 mhilliún dá oibríochtaí OSP.

Lean na Seirbhísí Tráchtála ag feidhmiú go láidir sa bhliain 2018 ó thaobh Seirbhísí Airlink agus Turais Chathrach de. Baineadh amach barrachas dar luach €3.4 mhilliún le Seirbhísí Tráchtála sa bhliain 2018 agus b'ionann é sin agus €2.4 mhilliún níos mó ná an barrachas de €1.0 mhilliún a baineadh amach sa bhliain 2017. Baineadh é sin amach trí ioncam a mhéadú agus trí bhainistíocht costais spriocdhírithe araon. Mhéadaigh an t-ioncam ó €17.9 milliún go dtí €20.3 milliún, arb ionann agus méadú dar luach €2.4 mhilliún. Coinníodh an caiteachas comhionann le leibhéil na bliana 2017 faoi phlean bainistíochta costais spriocdhírithe. Ciallaíonn brabúsacht leanúnach na Seirbhísí Tráchtála go bhféadfaí tuilleadh fáis agus infheistíochta a bhaint amach sa bhliain 2019.

Tá luach ghlansócmhainní na cuideachta ardaithe go dtí €47.2 milliún in 2018, méadú 8.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá staid leachtachta dhearfach ag Bus Átha Cliath agus coibhneas 2.3 atá i gceist idir na sócmhainní reatha agus an dliteanas reatha.

Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú ar na cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus airgeadais agus ar na príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais agus neamhairgeadais agus na buiséid ag na cruinnithe atá ar sceideal bhord Bhus Átha Cliath.

Tá an chuideachta ag brath ar chistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair chun seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil atá inmhianaithe ón ngné shóisialta ach nach bhfuil tairbhe eacnamaíoch le baint astu.

## Díbhinní

Níor íocadh ná níor fógraíodh aon díbhinní in 2018 ná in 2017.

## Na Príomhrioscaí agus an Bhainistíocht Riosca

Tá an chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an gcuideachta trí phróiseas bainistíochta riosca ar fud na cuideachta. Leis an gCreat Bainistíochta Riosca agus an Córas Faisnéise um Bainistíocht Riosca, a cuireadh chun feidhme in 2016, is féidir tuairisciú i bhfíor-am a dhéanamh ar rioscaí atá faoi réir measúnachta agus athbhreithnithe gach mí ag an lucht bainistíochta agus gach ráithe ag an mbord. Bhí córas i bhfeidhm i rith na bliana chun rioscaí a chur in ord tosaíochta ar bhonn cuspóra, córas a dhíríonn aird an bhoird ar na rioscaí arna n-aithint.

Téann CIÉ i mbun socruithe réamhcheannacháin breosla agus airgeadra nuair a bhreithníonn sé go bhfágann an cur chuige sin go bhfuil luach níos fearr agus riosca níos lú ann don ghrúpa. Is é CIÉ an contrapháirtí i leith na n-idirbheart sin.

Tá cúrsaí leachtachta á mbainistiú go cúramach ar bhonn Ghrúpa CIÉ, ag foireann ghairmiúil thiomanta a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cisteáin, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

## Infheistíocht Chaipitiúil

Leanadh le hinfheistíocht a dhéanamh chun seirbhísí a fheabhsú le cabhair ón Údarás Náisiúnta Iompair. Le linn 2018, leanadh leis an infheistíocht sna busanna agus ghlac Bus Átha Cliath le 141 bus nua a chuirfear in ionad seanfheithiclí agus a mbainfear leas astu freisin chun breis suíochán a cur ar fáil ar bhealaí éagsúla. Áiríodh leis an gcaiteachas suntasach eile cláir athchóirithe busanna d'fhonn cáilíocht agus iontaofacht na seirbhísí a chinntiú ar mhaithe leis na custaiméirí.

## Caiteachas ar Shainchomhairleoireacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, ceanglaítear go nochtfar sa Tuarascáil Bhliantúil sonraí faoin gcaiteachas ar shainchomhairleoirí/comhairleoirí seachtracha sa bhliain airgeadais. Ghlac an chuideachta an míniú seo a leanas ar an gcaiteachas ar shainchomhairleoireacht:

"Is é is saincomhairleoireacht ann an cás ina bhfostaítear duine, eagraíocht nó grúpa chun seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí eolais a sholáthar (mar shampla, anailís agus comhairle shaineolach) trí thuairiscí, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí etc. a sholáthar a chuidíonn le cinnteoireacht nó le ceapadh beartais in údarás conarthach. Ba cheart go bhfostófaí an duine nó na daoine ar feadh tréimhse ama theoranta chun cúram (nó sraith cúraimí) sonrach a bhfuil teorainn ama leis a chur i gcrích lena n-éilítear sainscileanna nó sainchumas nach mbeifí ag súil a bheadh ag daoine laistigh den údarás conarthach féin de ghnáth. Is é an fhaisnéis atá á lorg leis an nochtadh seo ná leibhéal an chaiteachais ar shainchomhairleoireacht a thabhaigh an comhlacht Stáit i rith na bliana airgeadais. Níl sé i gceist go n-áireofaí leis caiteachas ar phróisis ghnáthghnó a rinneadh a sheachfhoinsiú.

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, leagtar amach sa tábla thíos na costais chomhairliúcháin a thabhaigh an chuideachta in 2018 atá san áireamh sna hábhair agus seirbhísí (féach nóta 6):

| **Catagóir** | **2018 €000** |
|---|---|
| Táillí Deartha Forgnimh | 20 |
| An Chairt Custaiméirí | 95 |
| Caidreamh tionsclaíoch | 31 |
| Straitéis eagrúcháin | 184 |
| Cúrsaí Rialála | 102 |
| Sábháilteacht | 12 |
| Rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara | 111 |
| Forbairt tallaine | 33 |

## An Bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an chuideachta á rialú. Thionóil an bord deich gcruinniú in 2018 (deich gcinn in 2017) agus is ann do sceideal míreanna ar leith atá le ceadú aige.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí na cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017 nó a ceapadh ó shin i leith. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina stiúrthóirí ar feadh na tréimhse iomláine go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

| | |
|---|---|
| An tUasal U. Courtney | *(cathaoirleach)* |
| An tOllamh P. Barker | *(chuaigh sé ar scor ar an 10 Feabhra 2019)* |
| An tUasal S. Hannan | |
| E. Howley Uasal | *(ceapadh í an 3 Lúnasa 2018)* |
| G. Joyce Uasal | *(chuaigh sí ar scor ar an 29 Iúil 2018)* |
| S. Madden Uasal | |
| An tUasal T. O'Connor | |
| An tUasal J. Quinn | |
| An tOllamh K. Rafter | *(chuaigh sé ar scor ar an 22 Eanáir 2019)* |

Ní raibh leas ar bith ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scair ná bintiúr ar bith de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i dtaca le gnó na cuideachta.

## An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

Amhail an 3 Aibreán 2019, tá na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas de chuid an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca (CIAR): An tUasal J. Quinn (Cathaoirleach) agus S. Madden, Uasal. Tá an tUasal C. Maybury agus an tUasal K. Kelly ina gcomhaltaí seachtracha de CIAR. D'imigh G. Joyce, Uasal, ar scor ón mbord an 29 Iúil 2018. D'imigh an tOllamh K. Rafter ar scor ón mbord an 22 Eanáir 2019. D'imigh an tOllamh P. Barker ar scor ón mbord an 10 Feabhra 2019. Ceapadh S. Madden, Uasal, chun an choiste an 29 Lúnasa 2018. Ceapadh an tUasal J. Quinn ina Chathaoirleach ar an gcoiste an 11 Feabhra 2019. De bharr líon na ndaoine a d'imigh ar scor ón gcoiste, rinne an bord beirt chomhaltaí sheachtracha, an tUasal C. Maybury agus an tUasal K. Kelly, a cheapadh chun an choiste le héifeacht ón 26 Feabhra 2019.

# *Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar gach stiúrthóir gníomhú ar mhaithe leis an gcuideachta, tá ról ar leith ag an CIAR, ag gníomhú dó go neamhspleách ar an lucht feidhmiúcháin, lena chinntiú go ndéanfar leasanna na scairshealbhóirí a chosaint go cuí maidir leis an maoirseacht ar an tuairisciú airgeadais, ar an rialú inmheánach, ar an iniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach, ar an mbainistíocht riosca agus ar an rialachas corparáideach.

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018, rinne an coiste monatóireacht ar an bpróiseas buiséadach, agus choinnigh sé faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus córas bainistíochta riosca na Cuideachta. Go háirithe, rinne an coiste an méid seo a leanas:

- chuaigh sé i gcomhairle leis an iniúchóir seachtrach chun ceisteanna a chur ionas go mbeidís deimhin de go bhfuil an té sin ag feidhmiú ar bhonn neamhspleách;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an iniúchóir seachtrach lena chinntiú go raibh siad sásta leis na breithiúnais chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm sna ráitis airgeadais;
- fuair sé tuairiscí rialta maidir le forbairt an Chórais Comhtháite Ticéadaithe agus chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais faoi na bearta atá á gcur i gcrích chun sláine na foinse ioncaim sin a chosaint. Go háirithe, rinne sé athbhreithniú ar na tuarascálacha ISAE 3402 a d'ullmhaigh Iniúchóirí an Údaráis Náisiúnta Iompair agus ar an tuarascáil mholtach um Rialú Úsáideoirí Deiridh ónár gcuid iniúchóirí féin;
- bhí plé príobháideach aige, gan an lucht bainistíochta i láthair, leis na hIniúchóirí Seachtracha lena chinntiú nach raibh aon ábhar imní i gceist agus chun eolas a chur ar cheisteanna a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad;
- chuir sé in iúl go soiléir do na hiniúchóirí seachtracha go bhféadfaidh siad cruinniú leis an gcoiste a iarraidh tráth ar bith má mheasann siad go bhfuil ceann de dhíth chun mír nó míreanna ar leith a phlé;
- bhí plé príobháideach aige, gan an lucht bainistíochta i láthair, leis na hIniúchóirí Seachtracha lena chinntiú nach raibh aon ábhar ba chúis imní dóibh agus chun eolas a chur ar cheisteanna a d'eascair as an iniúchadh a rinne siad;
- bhuail sé leis an Oifigeach Soláthair chun a bheith deimhin i dtaobh dhéine na mbeartas agus na nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht soláthair agus conarthaí;
- rinne sé athbhreithniú rialta ar thorthaí oibriúcháin na bliana 2018 agus rinne sé deimhin de réasúnacht Bhuiséad 2019 agus Phlean Gnó 2019-2023;
- rinne sé monatóireacht ar chur chun feidhme na moltaí a eascraíonn as tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, ar a laghad dhá uair sa bhliain, chun ráiteas a fháil uaithi á dhearbhú nach eol di aon ábhar a bhaineann le calaois nár cuireadh ar a súile do chomhaltaí an choiste i ngnáthchúrsa an tuairiscithe don CIAR;
- rinne sé monatóireacht ar an gCóras Bainistíochta Riosca, lena n-áirítear torthaí ar athbhreithniú seachtrach ar an gcóras sin;
- chuaigh sé i gcomhairle leis an mBainisteoir Riosca ar bhonn rialta maidir leis na rioscaí agus na hábhair neamhchinnteachta móra a bhfuil tionchar acu ar an gcuideachta;
- cháith sé am agus aird nach beag ar thabhairt isteach na gceanglas atá leagtha síos faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 agus, go háirithe, rinne sé maoirseacht thar ceann an bhoird ar bhunú an Phróisis Dearbhaithe um Chomhlíontacht Stiúrthóirí;
- rinne sé monatóireacht ar chur chun feidhme bheartas na cuideachta i dtaobh Nochtadh Cosanta i gcásanna ina bhfuarthas gearáin;
- rinne sé athbhreithniú inmheánach ar fheidhmíocht an choiste i rith na bliana atá faoi chaibidil;
- rinne an coiste athbhreithniú seachtrach ar ár bhfeidhmíocht a éascú de réir mar a éilíodh faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus chuir sé na moltaí a tháinig uaidh sin chun feidhme.
- rinne sé monatóireacht agus athbhreithniú chomhlíonadh ceanglais na Rialachán um Chosaint Sonraí Ginearálta cuireadh i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018;
- rinne an coiste faireachán agus athbhreithniú ar mheasúnú na cuideachta ar thionchar féideartha Brexit agus ar a cuid ullmhúcháin le haghaidh Brexit 'crua' nó 'gan mhargadh'
- rinne sé monatóireacht agus athbhreithniú ar chomhlíonadh déanta ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016; agus
- chuaigh sé i gcomhairle leis an lucht bainistíochta i ndáil le cur chun cinn agus neartú leanúnach a dhéanamh ar Chód Eitice na cuideachta.

Tá Téarmaí Tagartha an CIAR ceadaithe ag an mBord. Déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus déantar iad a leasú nuair is cuí. Bhuail Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach na cuideachta chun plé a dhéanamh ar ábhair a eascraíonn as stiúradh ghnó an CIAR. Tháinig an coiste le chéile seacht n-uaire in 2018 (seacht n-uaire in 2017). Is é CIAR a chomhlíonann ról an Choiste Iniúchóireachta a cheanglaítear a bhunú faoi Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Níor sholáthair na hiniúchóirí aon seirbhísí ábhartha neamh-iniúchóireachta i rith na bliana atá faoi athbhreithniú. Tar éis dó gach caidreamh idir an chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí a mheas, ní dóigh leis an CIAR go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspleáchas an iniúchóra.

## Coiste Sábháilteachta an Bhoird

Amhail an 3 Aibreán 2019, is iad na comhaltaí boird seo a leanas atá ar Choiste Sábháilteachta Bhord Bhus Átha Cliath (CSB): S. Madden Uasal (Cathaoirleach), an tUasal S. Hannan, E. Howley Usasl agus an tUasal T. O'Connor. Chuaigh an tUasal J. Quinn ar scor ón gcoiste ar 23 Eanáir 2019. Ceapadh an tUasal S. Hannon ina chomhalta den choiste ar an 24 Deireadh Fómhair 2018. Ceapadh E. Howley Uasal ina comhalta den choiste ar an 23 Eanáir 2019.

Bunluach de chuid Bhus Átha Cliath is ea féachaint chuige go mbíonn na fostaithe agus na custaiméirí sábháilte. Gníomhaíonn an chuideachta ar bhonn an luacha sin trí sheirbhís iompair a sholáthar ina mbraitheann daoine go bhfuil siad sábháilte agus ina bhfuil eispéiris na gcustaiméirí agus na bhfostaithe tógtha ar thiomantas seasta do chleachtais shábháilte.

Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag an gCoiste Sábháilteachta i dtaobh a chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht seasta i gcroílár an ghnó, agus go ndéanfar cuspóirí agus tosaíochtaí tábhachtacha sábháilteachta a bhainistiú agus a chomhlíonadh go héifeachtach.

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an CSB:

- ullmhú na bPleananna Sábháilteachta ag an lucht bainistíochta agus nuashonrú bliantúil orthu;
- tuarascáil bhliantúil ón lucht bainistíochta ar an Athbhreithniú ar na Córais Bainistíochta Sábháilteachta;
- caidreamh agus comhoibriú cuí idir an lucht bainistíochta agus na húdaráis sábháilteachta reachtúla ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta;
- príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta arna n-ullmhú agus arna dtuairisciú ag an lucht bainistíochta; agus
- aon chúrsaí sláinte agus sábháilteachta eile arna gcur faoi bhráid an choiste ag an mbord nó ag lucht bainistíochta Bhus Átha Cliath.

Tá an coiste údaraithe ag Bor Bhus Átha Cliath chun imscrúdú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht a thagann faoina théarmaí tagartha, chun na hacmhainní atá de dhíth chuige sin a fháil agus chun rochtain iomlán a bheith aige ar fhaisnéis. Tá sé údaraithe chun aon fhaisnéis atá de dhíth air a éileamh ó aon fhostaí, agus treoraítear do gach fostaí comhoibriú le haon iarraidh ón gcoiste. Tá an coiste údaraithe ag an mbord chun comhairle ghairmiúil sheachtrach a lorg agus, más gá, chun iarraidh ar chomhairleoirí seachtracha a bhfuil taithí chuí acu freastal ar chruinnithe.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire san iomlán in 2018 (cúig huaire in 2017) i gcomhréir leis an sceideal atá beartaithe do chruinnithe an CSB. Bhí siad seo a leanas i measc na míreanna tábhachtacha a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana:

- seoladh físeán nua ar shábháilteacht custaiméirí, "Bí Aireach, Bí Sábháilte", chun feabhas a chur ar iompar agus feasacht sábháilteachta iomlán na gcustaiméirí
- críochnú na mionathraithe éagsúla atá dírithe ar an bhflít a fheabhsú, a eascraíonn as athbhreithniú a rinneadh ar thimpistí a tharla do chustaiméirí in 2017;
- beartas neamhfhulaingthe a thabhairt isteach lena gcuirtear toirmeasc ar fhostaithe comhrá a dhéanamh agus bus á thiomáint acu
- athbhreithniú ar na moltaí agus na gníomhartha a eascraíonn as teagmhais Sábháilteachta Feithiclí;
- uath-dhífhibrileoirí seachtracha (UDSanna) a sholáthar do shuíomhanna uile Bhus Átha Cliath
- Roinn SST Bhus Átha Cliath a dheimhniú go dtí ISO 45001, agus
- glacadh príomhthionscnamh sábháilteachta do 2018, lena n-áirítear iad seo a leanas:
  - beartas tástála a chur chun feidhme maidir le drugaí agus alcól
  - imscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sábháilteachta breise le haghaidh busanna agus tagairt á déanamh do Chaighdeán Sábháilteachta Bus nua TfL
  - tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar an gcultúr sábháilteachta iomlán i mBus Átha Cliath.

## Coiste Luacha Saothair agus Comharbais an Bhoird

Amhail an 3 Aibreán 2019, is iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den Bhord atá ar an gCoiste Luacha Saothair agus Comharbais: an tUasal U. Courtney. D'imigh Uasal G. Joyce ar scor ón mbord ar 29 Iúil 2018. D'éirigh an tOllamh K. Rafter as mar Chathaoirleach coiste agus ón mbord ar 22 Eanáir 2019. Chuaigh an tOllamh P. Barker ar scor ón mBord ar10 Feabhra 2019.

Agus aitheantas á thabhairt do sheasamh Bhus Átha Cliath mar a cinneadh é faoi Alt 14(1) den Acht Iompair, 1986, is iad seo a leanas feidhmeanna an Choiste:

- A chinntiú go gcuirfear chun feidhme an beartas rialtais maidir le luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na mbainisteoirí a thuairiscíonn dó ar bhonn díreach, agus a chinntiú go gcuirfear chun feidhme na

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

socruithe atá déanta ag an Roinn Airgeadais, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Roinn iompair, Turasóireachta agus Spóirt i dtaobh luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a chinneadh agus a cheadú, agus go gcloífear leo;

- A chinntiú go gcloífear le haon treoirlínte ón Rialtas agus le Beartais Bhus Átha Cliath/Ghrúpa CIÉ maidir le luach saothair na mbainisteoirí sinsearacha;
- Pacáiste luacha saothair agus ceapadh/athcheapadh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus gach bainisteora shinsearaigh a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- Critéir feidhmíochta a chinneadh a ndéanfar feidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a mheasúnú ina gcoinne, atá ag teacht leis an bplean corparáideach atá ceadaithe ag an mbord;
- Ag teacht le beartas an rialtais, aon bheartas a bhaineann le feidhmíocht a cheadú i ndáil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le haon bhainisteoirí a thuairiscíonn go díreach dó. Is é Cathaoirleach an bhoird a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin;
- Pleananna comharbais a bhaineann le ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a cheadú agus a nuashonrú go rialta, agus breithniú a dhéanamh ar aon mholtaí a dhéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le scileanna, pleanáil chomharbais nó líon na foirne;
- Sa chás ina dtograítear socruithe speisialta a dhéanamh maidir le ceapacháin ar leith, na socruithe sin a cheadú agus a chinntiú go gceadóidh an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad;
- Athbhreithniú agus ceadú a dhéanamh ar an rannán sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a bhaineann leis an dearbhú go bhfuiltear ag comhlíonadh Treoirlínte an Rialtais i ndáil le táillí arna n-íoc le stiúrthóirí an bhoird (ceanglaítear an litir sin a sheoladh de bhun an Chóid Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016);
- Athbhreithniú agus ceadú a dhéanamh ar na codanna den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais atá le foilsiú ag an gcuideachta a bhaineann le sonraí na dtáillí a bheidh le híoc le gach stiúrthóir boird, na speansais arna n-íoc leis na stiúrthóirí agus tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin;
- A chinntiú go bhfuil pleananna cuí i bhfeidhm i gcás an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheith as láthair gan choinne;
- Aon fheidhmeanna eile a oireann do Choiste Luacha Saothair agus Comharbais a chomhlíonadh, mar aon le feidhm ar bith a shannfaidh an bord dó ó am go ham.

Bunaíodh an Coiste Luacha Saothair agus Comharbais go foirmiúil le cinneadh ó bhord Bhus Átha Cliath in 2014. Cheadaigh an Bord Téarmaí Tagartha an choiste ina dhiaidh sin agus déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus leasaítear iad nuair is cuí. I gcomhréir leis an gclár oibre atá aontaithe ina leith, tháinig an Coiste le chéile dhá uair in 2018 (trí huaire in 2017). I 2018, thug an coiste, thar ceann an bhoird, faoi chleachtadh mionsonraithe maidir le pleanáil comharbas an bhoird chun féachaint chuige go mbeidh na scileanna agus an taithí ag an mbord amach anseo is gá chun a chuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus chun dul i ngleic go hiomlán leis na príomhdheacrachtaí straitéiseacha atá le sárú ag Bus Átha Cliath.

## Grúpa an Bhoird um Athbhreithniú Straitéise

Amhail an 3 Aibreán 2019, is iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den Bhord atá sa Ghrúpa Athbhreithnithe Straitéise; an tUasal U. Courtney (Cathaoirleach), E. Howley Uasal, S. Madden Uasal agus an tUasal J. Quinn. D'imigh G. Joyce Uasal ar scor ón mbord ar 29 Iúil 2018. D'imigh an tOllamh K. Rafter ar scor ón mbord ar 22 Eanáir 2019. D'imigh an tOllamh. P. Barker ar scor ón mbord ar 10 Feabhra 2019. Ceapadh E. HowleyUasal chun an coiste ar 24 Deireadh Fómhair 2018.

Is é an sainchúram atá leagtha ag an mbord ar an nGrúpa:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhbhoinn tuisceana straitéiseacha lena dtreorófar plean gnó rollach cúig bliana na cuideachta agus moltaí a dhéanamh leis an lucht bainistíochta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean nuashonraithe sula gcuirfear faoi bhráid bhoird Bhus Átha Cliath é lena cheadú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhbhoinn tuisceana ar a n-ullmhaítear an buiséad bliantúil i gcomhthéacs an phlean gnó cheadaithe;
- Breithniú a dhéanamh ar aon teagmhas a mbeadh tionchar mór aige ar na hionchais i dtaobh na spriocanna atá sonraithe sa bhuiséad bliantúil nó sa phlean gnó bliantúil a bhaint amach.

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018, thug an Grúpa Athbhreithnithe Straitéise faoi athbhreithniú mionsonraithe ar phlean cúig bliana na cuideachta 2019-2023 agus rinne sé athbhreithniú freisin ar na príomhdheacrachtaí straitéiseacha atá le sárú ag an gcuideachta sna blianta amach romhainn. Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Straitéis monatóireacht leanúnach ar phríomhtháscairí feidhmíochta straitéiseacha.

Tá Téarmaí Tagartha an Ghrúpa um Athbhreithniú Straitéise ceadaithe ag an mbord. Déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus déantar iad a leasú nuair is cuí. Tháinig an coiste le chéile faoi dhó in 2018 (dhá uair in 2017).

## Freastal ar chruinnithe Boird agus ar Chruinnithe na gCoistí

Seo thíos tinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe an bhoird agus na gcoistí le linn 2018.

| Stiúrthóir | Bord | An Coiste Sábháilteachta | An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca | Coiste Luacha Saothair agus Comharbais an Bhoird | An Grúpa um Athbhreithniú Straitéise |
|---|---|---|---|---|---|
| Ultan Courtney (Cathaoirleach) | 10/10 | | | 2/2 | 2/2 |
| An tOllamh Patricia Barker | 10/10 | | 7/7 | 2/2 | 2/2 |
| Stephen Hannan | 10/10 | 1/1 | | | |
| Elaine Howley | 4/4 | | | | |
| Gary Joyce | 5/7 | | 4/4 | 1/1 | 1/2 |
| Siobhán Madden | 9/10 | 4/4 | 3/3 | | 1/2 |
| Thomas O'Connor | 10/10 | 4/4 | | | |
| Joe Quinn | 9/10 | 3/4 | 7/7 | | 2/2 |
| An tOllamh Kevin Rafter | 9/10 | | 7/7 | 2/2 | 2/2 |

## Forbairt na bhFostaithe

Tá Bus Átha Cliath tiomanta dá chinntiú go n-aithneofar agus go bhforbrófar na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach ionas go mbíonn an deis ag gach fostaí forbairt a dhéanamh air féin nó uirthi féin agus cion dearfach a dhéanamh i leith na cuideachta. Baintear leas as creat inniúlachta chun an iompraíocht, na scileanna agus an cumas a aithint atá ag teastáil i róil éagsúla na bhfostaithe chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar lena gcomhlíonfar na caighdeáin atá leagtha síos.

Cuireann Ionad Oiliúna Bhus Átha Cliath roinnt clár oiliúna ar bun lena chinntiú go gcuirtear oiliúint ardchaighdeáin ar na tiománaithe bus ionas gur féidir leo seirbhís bhus atá sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Glacann na tiománaithe bus ar fad páirt i lá oiliúna amháin gach bliain ionas go mbronnfar Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) orthu i gcomhréir le Treoir 2003/59/CE ón Aontas Eorpach agus go mbainfidh siad amach faomhadh ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá aitheantas tugtha ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre do Bhus Átha Cliath mar Eagraíocht Oiliúna CPC na Bliana ag na Gradaim 'Leading Lights in Road Safety' dá chuid.

Chomh maith leis an CPS, cuirtear clár forbartha inniúlachta i scileanna tiomána ar fáil do gach tiománaí. Baintear leas as córas oiliúna físeáin (ar a dtugtar 'Vigil Vanguard') sa chlár sin chun éascú don fhoghlaim mhachnamhach agus don athrú iompraíochta. Thug an Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aitheantas don chlár oiliúna as an gcur chuige nuálach a ghlactar ann i dtaobh oiliúint i scileanna tiománaí.

Ina theannta sin, cuireann an tIonad Oiliúna cláir ionduchtúcháin ar bun do thiománaithe nua bus, teagasc tiomána do cheadúnais tiomána i gcatagóir C, D agus E, agus clár oiliúna maidir le cúram custaiméirí.

Sa bhliain 2018, thug grúpa dár dtiománaithe turais 'Do-Dublin' faoi oiliúint do threoraithe turais lena mbainfidh siad amach cáilíocht FETAC Leibhéal 6 um Threorú Turais (Treoraí Turais Réigiúnach).

Tá gach fostaí ag freastal ar cheardlanna cumarsáide áitiúla thar thréimhse leanúnach chun líonra cumarsáide níos láidre a bhunú idir na fostaithe agus an lucht bainistíochta. Is é cuspóir na gceardlann dul i gcomhairle le fostaithe, iad a chur ar an eolas faoi na dúshláin go léir atá le sárú ag Bus Átha Cliath agus idirphlé a chothú idir an dá thaobh d'fhonn cur leis an bhfeasacht agus an tacaíocht i leith straitéis ghnó Bhus Átha Cliath don todhchaí.

Mar chuid dár bpróiseas bainistíochta tallainne, leanadh ar aghaidh in 2018 le cláir forbartha éagsúla do bhainisteoirí agus d'fhostaithe riaracháin. Áirítear leis sin staidéir tríú leibhéal, clár ionduchtúcháin do bhainisteoirí nuacheaptha, agus sainoiliúint maidir le grinneas tráchtála, idirphlé le páirtithe leasmhara, cosaint sonraí/RGCS, eispéireas custaiméirí, agus 'Lean Six Sigma'. Leanadh le hoiliúint a bhaineann le róil ar leith d'fhostaithe i réimse na hinnealtóireachta, na maoirseachta agus an riaracháin.

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta lántiomanta do chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus do chomhlíonadh gach rialachán náisiúnta eile agus gach rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh. Coinnítear an Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi athbhreithniú agus nuashonraítear ar bhonn leanúnach é.

## Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina mbíonn meas ar dhifríochtaí agus a dtéitear in oiriúint dóibh. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chruthú inar féidir leis na daoine go léir lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina bhfuil meas ar réimse leathan cumas, buanna agus dearcthaí aonair agus a dtacaítear leo.

Tá Straitéis Éagsúlachta agus Chuimsithe i bhfeidhm ag an gcuideachta a léiríonn an tiomantas leanúnach atá againn don chomhionannas, don éagsúlacht agus don neamh-idirdhealú i gcás ár bhfostaithe, ár gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne ar mian linn freastal air. Is é is aidhm léi timpeallacht oibre éifeachtach, shásúil a chinntiú dár bhfostaithe, freastal ar athruithe ar riachtanais ár gcustaiméirí agus bonn taca a chur faoina n-eispéireas agus iad ag baint leas as na seirbhísí dár gcuid, agus neartú a dhéanamh ar an gceangal leis na pobail éagsúla ar a bhfreastalaímid. Cuimsítear ann plean gníomhaíochta bliantúil ina leagtar amach na céimeanna sonracha agus na tiomantais a ghlacaimid gach bliain chun dul chun cinn a dhéanamh i leith na gcuspóirí sin ar fud gach ceann de na feidhmeanna gnó i mBus Átha Cliath.

Tá Bus Átha Cliath ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, le *Transgender Equality Network Ireland* agus leis an Údarás Náisiúnta Míchumais ar roinnt tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leo tacú leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú. Bhí Bus Átha Cliath i mbun oibre arís i gcomhpháirt le Comhairle um Inimircigh na hÉireann, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le soláthraithe iompair phoiblí eile ar an bhfeachtas náisiúnta chun deireadh a chur leis an gciníochas, "Say No to Racism".

Thacaigh Bus Átha Cliath le 'Dublin Pride' sa bhliain 2018. Rinneadh físeán dar teideal 'Proud Dads' chun ár dtacaíocht dár bhfostaithe LGBTQ+, ár gcustaiméirí LGBTQ+ agus don phobal LGBTQ+ níos leithne a léiriú.

Bhuaigh Bus Átha Cliath an gradam do Éagsúlacht agus Cuimsiú ag Gradaim Acmhainní Daonna CIPD Éireann sa bhliain 2018, i bhfianaise ár dTreoirlínte agus ár mBeartas um Aistriú Inscne sa Láthair Oibre. Fuaireamar ardmholadh sa chatagóir don Éagsúlacht agus Cuimsiú is Fearr ag Gradaim Acmhainní Daonna na hÉireann 2018 de chuid Legal Island, as ucht ár gcuid oibre i réimse na héagsúlachta agus an chuimsithe.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Na sonraí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an gcuideachta i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, tá siad leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil Chóras Iompair Éireann. Leagtar síos íoschaighdeáin sa chód agus déanann an Bord tréaniarracht a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas i dtaobh Rialachas Corparáideach á chomhlíonadh aige agus é i mbun gnó. Tá na hathruithe de bharr chur chun feidhme leagan na bliana 2016 den Chód Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á léiriú go hiomlán i ráitis airgeadais na bliana 2018, agus leagtar amach thíos an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach atá de dhíth.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, a áirithiú i ngach gné ábhartha. Is é beartas íocaíochta na cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

## Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Níl aon teagmhais shuntasacha iarchláir comhardaithe le tuairisciú lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

## Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hiniúchóirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla, go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Nochtadh Faisnéise do na hIniúchóirí

A mhéid is eol do gach duine de na stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais:

- níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- tá gach beart déanta ag na stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

# Ráiteas um Rialú Inmheánach



## Raon Feidhme na Freagrachta

Aithníonn Bus Átha Cliath an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (an Cód).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBus Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## An cumas i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca (CIAR) ag Bus Átha Cliath. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le roinnt stiúrthóirí a cheapadh chuig an gcoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Tháinig an CIAR le chéile seacht n-uaire in 2018.

Ina ról mar chuid de Ghrúpa CIÉ, tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag Bus Átha Cliath freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú leis an CIAR.

D'fhorbair Bus Átha Cliath, mar chuid de Ghrúpa CIÉ, Beartas Bainistíochta Riosca (an Beartas) lena leagtar an fhreagracht as bainistíocht riosca ar Phríomh-Oifigeach Riosca na cuideachta, agus tá struchtúr tuairiscithe bunaithe aici siúd. Is é an bord atá freagrach as na Creataí Bainistíocht Riosca agus is é a cheadaíonn iad. Tá na creataí sin curtha in oiriúint do na cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun an neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an Bheartais.

Is é an Beartas atá ann ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh de Bhus Átha Cliath chun na príomhrioscaí atá roimh gach réimse den ghnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne cosanta. Is é an príomhdhifríocht atá idir na trí líne cosanta sin ná a leibhéil neamhspleáchais.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne cosanta, déantar idirdhealú idir úinéireacht riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne cosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne cosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne cosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar Úinéirí Rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair laistigh dá gcuid rannóga.

Nuair a aithnítear rioscaí nua, sanntar iad d'Úinéir Riosca, is é sin, Ceann na Rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Bus Átha Cliath trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl, a ceapadh lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 30000 Bainistíocht Riosca, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur chun feidhme.

Déanann an tÚinéir Riosca atá freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as táblaí critéar riosca a forbraíodh ionas go luafar an grád riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh den fhonn riosca, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

*Ráiteas um Rialú Inmheánach (ar lean)*

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bíonn gach riosca nua-aitheanta agus príomhrioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí ag an bhfoireann feidhmiúcháin.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach:

- Príomhrioscaí
- Athruithe ar ghrád na bpríomhrioscaí
- Rioscaí nua-aitheanta
- Rioscaí atá ag teacht chun cinn
- Forbhreathnú ar iomlán na rioscaí
- Rioscaí a sháraíonn an fonn riosca agus na bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuarascáil ar na rioscaí go léir, a stádas i leith fonn riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIAR gach ráithe, agus tuairiscí faoi mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear gach príomhriosca ardleibhéil de chuid an ghrúpa agus gach riosca atá ag teacht chun cinn faoi bhráid bhord feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs an ghrúpa ar fad. Cuirtear tuarascáil ar phríomhrioscaí uile an ghrúpa, a stádas i leith fonn riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid na gcruinnithe go léir den CIAR agus faoi bhráid Bhord CIÉ gach ráithe, agus tuairiscí faoi mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don bhord, nuair is cuí. Tá sé á dhearbhú ag Bus Átha Cliath go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a aithníodh;
- rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhníonn Bus Átha Cliath go bhfuil nósanna imeachta ar bun aige chun a áirithiú go gcloítear leis na treoirlínte agus na rialacha soláthair is infheidhme. Chuir Grúpa CIÉ in iúl don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go bhfuil tairseach €50,000 á cur i bhfeidhm aige maidir le neamhchomhlíontachtaí soláthair de bharr líon na gceannachán laistigh de Ghrúpa CIÉ agus an costas breise a bhaineann le faisnéis a sholáthar ar an leibhéal níos ísle.

Tugadh líon beag cásanna neamhchomhlíonta faoi deara maidir le nósanna imeachta soláthair sa bhliain 2018. Bhain na cásanna neamhchomhlíonta sin le maoluithe a chur isteach go cruinn agus in am trátha agus le conarthaí áirithe a shíneadh níos faide ná tréimhse chomhlíontach an tsoláthair, go príomha. B'ionann luach iomlán na n-idirbheart neamhchomhlíontacha agus €1.2m. Tá sraith chuimsitheach beart ar bun chun comhlíonadh iomlán a áirithiú, lena n-áirítear athbhreithniú ar chórais TF, d'fhonn cásanna mar sin a réiteach agus cosc a chur ar a leithéid tarlú arís.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Éilítear sa Chód a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht chreat bainistíochta riosca gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú straitéise a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca na Cuideachta agus an Clár Rioscaí le linn 2018.

Fuarthas go raibh an chuideachta ag cloí leis an gcód.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhú ag Bus Átha Cliath go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na cuideachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, an CIAR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta i mBus Átha Cliath atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh.

Tá sé á dheimhniú ag Bus Átha Cliath go ndearna an bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2018.

## Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2018 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

# Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá na stiúrthóirí freagrach as sócmhainní an ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na cuideachta.

**Thar ceann an bhoird**

**An tUasal U. Courtney**
*Cathaoirleach*

**An tUasal J. Quinn**
*Stiúrthóir*

**3 Aibreán 2019**

# An Bord Stiúrthóirí



**Ultan Courtney;** *Cathaoirleach*

Ceapadh Ultan Courtney ina chomhalta de Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an-taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim san Eacnamaíocht ar Ultan agus tá roinnt cáilíochtaí aige i réimse an dlí fostaíochta, na hidirghabhála, an eadráin agus an rialachais dlí chorparáidigh.



**Patricia Barker**

Ceapadh Patricia Barker ina comhalta de Bhord CIÉ i Feabhra 2013. Is ollamh le cuntasaíocht í Patricia ach í ar scor anois. Bíonn sí ag léachtóireacht go páirtaimseartha faoi láthair san Eitic Ghnó in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina Cuntasóir Cairte agus ina Comhalta de Chomhairle na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Bhí an tráchtas PhD a scríobh sí bunaithe ar fhaisnéis airgeadais a nochtadh d'fhostaithe agus bhronn Coláiste na Tríonóide céim MPhil sa Staidéar Inscní uirthi. Tá Patricia ina stiúrthóir ar Ospidéal Thamhlachta agus ar Fhoras na Mara agus is í atá ina cathaoirleach ar a gCoistí Iniúchóireachta agus Riosca. Tá sí ina comhalta de Choistí Iniúchóireachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus na Seirbhísí Cúirte. Roimhe seo bhíodh sí ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Bhord na Seirbhíse Fuilaistriúcháin agus déanann sí obair dheonach leis an Ionad Éigeandála um Éigniú. Chuaigh Patricia ar scor ón mBord ar 10 Feabhra 2019.



**Stephen Hannan**

Ceapadh Stephen Hannan ina chomhalta den bhord i mí na Nollag 2017 tar éis gur toghadh é ina chomhalta de Bhord CIÉ faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Tá sé ina uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina chomhalta den Choiste Rannán, agus is ionadaí iosta é.



**Elaine Howley**

Ceapadh Elaine Howley chun an bhoird i mí Lúnasa 2018. Tá a lán taithí ag Elaine ar oibriú ar son chearta agus rannpháirteachas iomlán daoine faoi mhíchu-mais. Tá spéis ar leith aici in iompar poiblí agus rochtain ar sheirbhísí, ar fhaisnéis agus ar áiteanna poiblí. Tá sí i gceannas ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais le breis agus 25 bliana anuas. B'í an chéad Oifigeach Idirchaidrimh do mhic léinn faoi mhíchumais agus bhí sí ina ball bunaidh den Chumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas, AHEAD. Bhí Elaine ina Stiúrthóir Abhcóideachta agus Beartais le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, NCBI agus ina POF ar Sheirbhísí NCBI. Tá Elaine ina comhordaitheoir ar Líonra Lagamhairc Aontas na nDall san Eoraip. San áireamh leis an obair abhcóideachta a rinne Elaine bhí feachtais idirnáisiúnta amhail an feachtas chun Conradh Marrakech a dhaingniú agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, UNCRPD. Tá céim Mháistir in Obair Shóisialta ag Elaine, mar aon le Cáilíocht Náisiúnta in Obair Shóisialta agus Ard-Dioplóma i dTeiripe Shistéamach do Theaghlaigh. Tá Elaine ina ball d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus tá Dioplóma Gairmiúil aici i Stiúradh Cuideachtaí, Cearta Daonna agus Comhionannas.



### Gary Joyce

Ceapadh Gary Joyce chuig an mbord in 2012 agus athcheapadh í ar feadh téarma trí bliana eile i mí Iúil 2015. Tá sí ina Comhpháirtí Bainistíochta le Genesis, gnólacht comhairliúcháin a bhíonn ag plé le straitéis chustaiméirí agus mhargaíochta. Tá an-chuid taithí aici mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin le heagraíochtaí éagsúla san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil neamhbhrabúis. I láthair na huaire tá sí ina Leaschathaoirleach ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus tá sí ar bhord Sam McCauley Chemists agus ar bhord Fhéile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe. Tá sí ina Comhalta d'Institiúid na Sainchomhairleoirí agus na Comhairleoirí Bainistíochta agus d'Institiúid Margaíochta na hÉireann. Chuaigh Gary as ón mbord ar 29 Iúil 2018.



### Siobhán Madden

Ceapadh Siobhán Madden ina comhalta den Bhord i mí an Mheithimh 2015. Is comhairleoir dlí agus aturnae í Siobhán a bhí ag obair le blianta fada in earnáil idirnáisiúnta na n-aerárthaí ar léas, san Ionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFSC) i mBaile Átha Cliath den chuid is mó. Tá sainspéis aici i seirbhísí airgeadais, sa rialachas corparáideach agus sa dlí a bhaineann le trealamh eitlíochta agus trealamh iompair shoghluaiste eile. Ina theannta sin is comhairleoir cánach í, comhalta de Bharra Nua-Eabhrac, agus comhalta den Chumann Barra Idirnáisiúnta. Bhí sí i mbun staidéir i gColáiste na Tríonóide, bhí sí ina chomhpháirtí ar feadh 15 bliana i ngnólacht dlí mór le rá i mBaile Átha Cliath, agus tá taithí idirnáisiúnta aici de bharr na dtréimhsí atá caite aici ag obair i mBaile Átha Cliath, i Nua Eabhrac agus sa Fhrainc do chuideachtaí móra idirnáisiúnta. Athcheapadh Siobhán chun an mbord ar feadh téarma trí bliana eile i Meitheamh 2018.



### Joe Quinn

Ceapadh Joe Quinn ina chomhalta den Bhord i mí an Mheithimh 2015. Tá Joe ina Stiúrthóir Bainistíochta le RGP, gnólacht comhairliúcháin idirnáisiúnta a bhíonn i mbun sainchomhairliúcháin i dtaobh airgeadais, rialachais, rioscaí agus comhlíonta. Cuireadh oiliúint air mar Chuntasóir Cairte le Ernst & Young agus bhí poist cheannaireachta airgeadais aige i roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta, lena n-áirítear Guinness, Diageo agus Prudential. Tá Joe ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá céim Bhaitsiléara sa Tráchtáil agus Dioplóma iarchéime sa Chuntasaíocht Ghairmiúil aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Faoi láthair tá sé ina chomhalta boird agus ina chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta le Oxfam Ireland. Athcheapadh Joe chun an mbord ar feadh téarma trí bliana eile i Meitheamh 2018.



### Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas O'Connor ina chomhalta den bhord i mí na Nollag 2013 tar éis gur toghadh é ina chomhalta de Bhord CIÉ faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tá Thomas ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'fhóin sé mar Rúnaí Craoibhe Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



### Kevin Rafter

Ceapadh an tOllamh Kevin Rafter ina chomhalta boird i mí Eanáir 2013 agus athcheapadh é ar feadh téarma trí bliana eile i mí Eanáir 2016. Is stiúrthóir neamhfheidhmeannach é a bhfuil taithí aige sa ról sin, agus a bhfuil saineolas aige i dtaobh cumarsáide agus na meán. Tá teist láidir aige i réimse na maoirseachta ar an rialáil. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Comhlíontachta Údarás Craolacháin na hÉireann, agus ina chomhalta den Bhinse Araíonachta Aturnaetha. Tá BA (Mod) agus MLitt san eacnamaíocht agus MA agus PhD san eolaíocht pholaitiúil bainte amach aige, agus bronnadh Dioplóma sa Dlí Corparáideach agus sa Rialachas air. Chuaigh Kevin ar scor ón mBord ar 22 Eanáir 2019.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

Do Chomhaltaí Bhus Átha Cliath

## Tuairisc ar an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

### Tuairim ar Ráitis Airgeadais Bhus Átha Cliath (an 'chuideachta')

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar an mbarrachas don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is iad na ráitis airgeadais atá iniúchta againn ná:

- an Cuntas Brabúis agus Caillteanais;
- an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach;
- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí 1 go 27 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí, 2014 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

### Bunús leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid *Na freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a Bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas a gceanglaítear orainn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) tuairisc a thabhairt duit más rud é:

- nach cuí do na stiúrthóirí é leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- nár nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon ábhar neamhchinnteachta ábhartha a aithníodh a d'fhéadfadh amhras suntasach a chothú faoi chumas na cuideachta leanúint de bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

### Faisnéis Eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

## Na Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air i dTuarascáil na Stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach aon slí eile, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na stiúrthóirí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

## Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire), déanaimid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- Déanaimid na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú, déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is iomchuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois;
- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí is atá rialú inmheánach na cuideachta;
- Déanaimid meastóireacht ar a oiriúnaí is atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na stiúrthóirí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne siad;
- Tugaimid breith ar a oiriúnaí a bhí sé ag na stiúrthóirí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar an gcumas atá ag an gcuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil iniúchóra uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uainn a mhodhnú. Tá ár gcuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina chúis leis go scoirfidh an t-eintiteas (nó, i gcás inarb ábhartha, an grúpa) d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach;
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téimid i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

Tá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil na hiniúchóra neamhspléach agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.

*Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha (ar lean)*

## Tuarascáil ar Cheanglais Dlí agus Ceanglais Rialála Eile

### Tuairim ar Nithe Eile atá Leagtha Síos in Acht na gCuideachtaí, 2014

Ar bhonn na hoibre a rinneamar agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn, agus an obair sin amháin, tuairiscímid go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn
- Is é ár dtuairim é go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais
- Measaimid go bhfuil an fhaisnéis atá sonraithe i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

### Nithe nach mór dúinn Tuairisc a Thabhairt ina dtaobh ar Bhonn Eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar míráitis ábhartha i ráiteas na stiúrthóirí.

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt daoibh, más amhlaidh, dar linn, nach ndearnadh an nochtadh ar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtais'), tá sé de cheangal orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais ag an gcuideachta sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

**Ciarán O'Brien**

**Ar son Deloitte IRELAND LLPagus thar a cheann**

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

Áras Deloitte & Touche

Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

**3 Aibreán 2019**

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncaim** | | | |
| Ioncam oibriúcháin | | 263,280 | 251,674 |
| Íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí | | 41,134 | 47,482 |
| Deontais ioncaim | | 125 | 162 |
| **Ioncam iomlán** | *4* | **304,539** | **299,318** |
| | | | |
| **Costais** | | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | *5* | (198,079) | (192,780) |
| Ábhair agus seirbhísí | *6* | (94,821) | (94,532) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(292,900)** | **(287,312)** |
| | | | |
| **TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla** | | **11,639** | **12,006** |
| | | | |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | *7* | (76) | (866) |
| Dímheas agus amúchadh (glan) | *8* | (8,155) | (10,385) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | 312 | 325 |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | | **3,720** | **1,080** |
| | | | |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *9* | (33) | (77) |
| **Barrachas don bhliain** | | **3,687** | **1,003** |
| | | | |
| Cáin ar an mbarrachas | *10* | – | – |
| **Barrachas don bhliain tar éis cánach** | | **3,687** | **1,003** |

# Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach Iomlán

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2018

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | 3,687 | 1,003 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **3,687** | **1,003** |

Tagann torthaí ar fad ó ghníomhaíochtaí leanúnacha.

# Clár Comhardaithe

## Amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | *11* | 495 | 855 |
| Sócmhainní inláimhsithe | *12* | 190,853 | 179,977 |
| | | **191,348** | **180,832** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *13* | 3,344 | 5,044 |
| Féichiúnaithe | *14* | 169,338 | 157,241 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 1,323 | 984 |
| | | **174,005** | **163,269** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *15* | **(76,777)** | **(69,821)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **97,228** | **93,448** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha** | | **288,576** | **274,280** |
| Soláthar in aghaidh dliteanas | *16* | (92,629) | (96,129) |
| Ioncam iarchurtha | *17* | (148,728) | (134,619) |
| **Glansócmhainní** | | **47,219** | **43,532** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *18* | 69,836 | 69,836 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | (22,617) | (26,304) |
| **Caipiteal Gnáthscaireanna** | | **47,219** | **43,532** |

**Thar ceann an bhoird**

**An tUasal U. Courtney**
*Cathaoirleach*

**An tUasal J. Quinn**
*Stiúrthóir*

**Dáta: 3 Aibreán 2019**

# Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2018

| | Scair-chaipiteal glaoite €000 | Cuntas Brabúis agus Caill-teanais €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017** | **69,836** | **(27,307)** | **42,529** |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | – | 1,003 | 1,003 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017** | **69,836** | **(26,304)** | **43,532** |
| | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018** | **69,836** | **(26,304)** | **43,532** |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | – | 3,687 | 3,687 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **69,836** | **(22,617)** | **47,219** |

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *19* | **15,698** | **16,660** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe | | (292) | (415) |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | | (4,953) | (6,504) |
| Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | 601 | 326 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *17* | 1,563 | 3,816 |
| Gluaiseacht ar chomhardú infhála leis an máthairchuideachta | | (12,245) | (13,637) |
| Ús íoctha | *9* | (33) | (77) |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(15,359)** | **(16,491)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **–** | **–** |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **–** | **–** |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **339** | **169** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 984 | 815 |
| | | | |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **1,323** | **984** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

### Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhus Átha Cliath ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), ar fochuideachta ar lánúinéireacht de é Bus Átha Cliath, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is é Bus Átha Cliath príomhsholáthraí Bhaile Átha Cliath i dtaobh iompar poiblí.

Is Cuideachta Thráchtála Stáit é Bus Átha Cliath, an chuideachta, agus tá sí ina cuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an chuideachta mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an chuideachta cláfaithe i mBaile Átha Cliath. Is 119569 uimhir na cuideachta agus tá an oifig cláraithe ag 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

Baineann ráitis airgeadais na cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Átha Cliath agus leo sin amháin.

### Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach a oireann do chineál ghnó na cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

#### *(a) Bunús an ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe faoin todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfadh stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (u) thíos, 'Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta', na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintiteas incháilithe. Níor bhain Bus Átha Cliath leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

#### *(b) Gnóthas leantach*

Tá súil réasúnach ag na stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

### *(c) Airgeadra eachtrach*

*(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€', agus, mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€000).

*(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhála agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'costais ábhar agus seirbhísí'.

### *(d) Láimhdeachas*

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh. Aithníonn Bus Átha Cliath an láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithníonn Bus Átha Cliath ioncam trína shruthanna ioncaim éagsúla mar seo a leanas:

*Airgead tirim ar an mbus*

Aithnítear ioncam ón airgead tirim ar an mbus ag an bpointe díolacháin, is é sin an lá a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

*Ioncam ón gCóras Ticéadaithe Chomhtháite (sparán leictreonach)*

Aithnítear ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite ar an mbus an lá a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

*Taxsaver*

Aithnítear ticéid bhliantúla Taxsaver ar bhonn cothrom thar na tréimhsí den bhliain lena mbaineann an táirge.

*Ioncam ón bhfógraíocht ar na scáthláin bhus*

Aithnítear an t-ioncam ón bhfógraíocht ar na scáthláin bhus thar thréimhse an chonartha chuí. Déantar an ioncam a thuilleadh ó chonarthaí go míosúil agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

*Ioncam ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí*

Faightear an t-ioncam ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar bhonn míosúil agus aithnítear é sa mhí lena mbaineann sé. Fáltais riaráisteacha atá i gceist.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *(e) Ioncam ó Dheontais – Deontais ón Aontas Eorpach, íocaíochtaí oibleagáide seirbhíse poiblí, agus deontais eile ón Státchiste*

Aithníonn Bus Átha Cliath deontais rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

*Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil*

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

*Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)*

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

*Deontais ioncaim*

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

### *(f) Costais ábhar agus seirbhísí*

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Átha Cliath ó lá go lá, gan costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### *(g) Ús infhála/ús iníoctha*

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

### *(h) Costais eisceachtúla*

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Átha Cliath, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd nach mór iad a nochtadh go leithleach, dar linn, mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann Bus Átha Cliath go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

### *(i) Cánachas*

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den scairchaipiteal leis an idirbheart nó an teagmhas eile as a dtig an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

### *(j) Páirtithe gaolmhara*

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Átha Cliath. Nochtann Bus Átha Cliath idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na haonáin is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

### *(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe*

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

### *(l) Sócmhainní seasta inláimhsithe*

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe infheidhme.

*(i) Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:*

*Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít, ar feadh a saoil úsáidigh thuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 12 bhliain atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

*Stadanna bus agus scáthláin bhus*

Déantar stadanna bus agus scáthláin bhus a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 15 bliana atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

*Gléasra agus innealra*

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Saol úsáideach tuartha idir 3 bliana agus 10 mbliana atá ag na sócmhainní sa chatagóir seo.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

*(ii) Breiseanna iardain*

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

*(iii) Dí-aithint*

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### *(m) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais*

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithníodh caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má aisiompaítear caillteanas lagaithe (.i. níl feidhm ag cúiseanna an chaillteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a chinnfí (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### *(n) Sócmhainní léasaithe*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

### *(o) Stoic*

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar na stoic a mheas i leith lagaithe agus déantar soláthar i leith stoc a mheastar a bheith lagaithe.

### *(p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid*

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid an t-airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíocht bhunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

### *(q) Ionstraimí airgeadais*

Roghnaigh an chuideachta forálacha Chuid 11 agus Chuid 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

#### *(i) Sócmhainní airgeadais*

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gcuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne, nó (c) nuair a aistríodh rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

#### *(ii) Dliteanais airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dliteanas airgeadais bunúsach ar an gcuideachta, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, agus iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar mhéideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dliteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *(r) Soláthairtí agus teagmhais*

*(i) Soláthairtí*

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar Bhus Átha Cliath de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar Bhus Átha Cliath ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar Bhus Átha Cliath athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

*(ii) Dliteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha*

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar Bhus Átha Cliath sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### *(s) Sochair fostaithe*

Cuireann an chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

*Sochair iarfhostaíochta*

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochair sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéimeanna pinsean le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochair sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéimeanna conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh ghlanchostas na sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochair sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ, toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 20.

### *(t) Caipiteal Gnáthscaireanna*

Tá gnáthscaireanna Bhus Átha Cliath ar lánúinéireacht ag CIÉ. Déantar an gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### *(u) Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta*

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní doláimhsithe agus inláimhsithe*

Braitheann an muirear amúchta bliantúil ar shócmhainní doláimhsithe agus an muirear dímheasa ar shócmhainní inláimhsithe ar athruithe ar shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athbhreithniú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear ag (k) agus (l) thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe leagtha amach i nóta 11 agus nóta 12.

*(ii) Scéim pinsean le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar Ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear toimhdí i leith ionchas saoil, méaduithe tuarastail agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 20.

*(iii) Soláthar i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra, agus aisghabhálacha gaolmhara*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus*

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair breise a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (l) thuas. Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (e) thuas.

Tá breithiúnas tugtha ag an chuideachta ar aitheantas sócmhainne agus an deontais chomhfhreagraigh i gcásanna ina gcuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair sócmhainní bus ar fáil don chuideachta faoi chomhaontú léasúcháin.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Níor tháinig aon athrú sonrach ar chearta agus oibleagáidí an chuideachta agus an Údaráis Náisiúnta Iompair, mar a forordaíodh sa Chonradh Sierbhísí Poiblí Dámhachtana Dírí 2014-2019. Tá an chuideachta ag fáil an ceart úsáid a bhaint as an tsócmhainn don chuid is mó de shaol eacnamaíoch na mbusanna ar chíos bliantúil nach fhreagraíonn do luach na sócmhainne atá ar léas. Sa bhreis air sin, aistrítear na rioscaí agus na sochair airgid go léir a bhaineann le húinéireacht chuig an chuideachta nuair a fhaightear an bus.

Is ionann costas bainteach le na bhfeithicil paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus bunaithe ar comhairle ón Údarás Náisiúnta Iompair agus an costas tabhaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair gach bus a fháil ón soláthraí.

Beidh costas na bhfeithicil paisinéirí bóthair arna bhfáil faoi chomhaontú léasúcháin bus comhionann le luach margaidh oscailte bhus coibhéiseach nó costas an bhus coibhéisigh is deireanaí faighte ag an chuideachta.

Déanfaidh an chuideachta na meastacháin agus breithiúnais sin a athbhreithniú agus a bhreithniú a bhaineann leis an ceart an sócmhainní a úsáid go tréimhsiúil le haon athrú conartha nó aon athrú ar na cúinsí a aimsiú.

Tá níos mó sonraí leagtha mach i nóta 12 na ráitis arigeadais.

## 2 Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoina nglactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag CIÉ agus ag Grúpa CIÉ ('an Grúpa'), chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

### Cúlra

*An Chuideachta*

Ar an 31 Nollaig 2018 bhí glansócmhainní €47 milliún (2017: €44 milliún) ag an gcuideachta mar aon le glansócmhainní reatha €97 milliún (2017: €93 milliún).

Áirítear leis na glansócmhainní reatha dliteanais neamhairgid €39 milliún (2017: €37 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil agus ioncaim. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €136 milliún (2017: €131 milliún) ag an gcuideachta.

Áirítear le glansócmhainní na Cuideachta dliteanais neamhairgid €188 milliún (2017: €172 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i leith deontais chaipitil agus ioncaim. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €235 milliún (2017: €216 milliún) ag an gcuideachta.

Feidhmíonn an Grúpa córas comhchiste. Braitheann an Chuideachta ar shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa ionas go mbeadh sí in ann a cuid oibríochtaí a bhainistiú i gcomhréir lena plean gnó faofa. Leagtar amach staid airgeadais an Ghrúpa sa roinn seo a leanas.

### Litir Tacaíochta

Fianaítear an tacaíocht reatha do Bhus Átha Cliath ó Ghrúpa CIÉ sa litir tacaíochta ó CIÉ go Bus Átha Cliath, dar dáta an 3 Aibreán 2019.

Sonraítear an méid a leanas sa litir: "tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh ar chaoi thráthúil. Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dháta sínithe na ráiteas airgeadais. I gcás mainneachtana ag foghnóthas ar bith de chuid CIÉ a bhfuil méideanna amuigh acu ar an gCuideachta, tabharfaidh an Mháthairchuideachta cúiteamh i leith na gcaillteanas arna dtabhú.

*An Grúpa*

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí glandliteanas €410 milliún (2017: €636 milliún) ar na nGrúpa agus bhí glandliteanas reatha €184 milliún (2017: €200 milliún) air. Áirítear le glandliteanas reatha míreanna neamhairgid €261 milliún (2017: €264 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil, ioncam iarchurtha agus méideanna is inaisíoctha le gníomhaireachtaí cistiúcháin i leith socraíocht CBL. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €77 milliún (2017: €64 mhilliún) ag an nGrúpa. Áirítear le glandliteanas reatha an Ghrúpa dliteanais a bhaineann le hoibleagáidí pinsean le sochar sainithe €547 milliún (2017: €784 milliún) agus a bhaineann le hioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil faighte €2,421 milliún (2017: €2,494 milliún) ag an nGrúpa.

I mí Eanáir 2018, tá leasú agus síneadh ar a shaoráid bhaincéireachta faighte ag Grúpa CIÉ. Is ionann an tsaoráid agus saoráid thiomanta de €108 milliún do thréimhse thosaigh de chúig bliana, le dhá rogha chun síneadh bliana a chur le comhaontú an dá pháirtí, ag deireadh bhliain a haon agus bhliain a dó den tsaoráid. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí €28 milliún tarraingthe anuas ag an nGrúpa faoi na saoráidí iasachta téarma. Ba ionann €80 milliún an méid nár tarraingíodh anuas agus a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh.

## An Neamhchinnteacht atá le Sárú ag an nGrúpa

Ainneoin an-fheabhas a bheith fós ag teacht ar an bhfeidhmíocht trádála in 2018, tá an Grúpa fós ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach ghnó óna n-eascraíonn ábhair neamhchinnteachta.

Cé go bhfuil muinín ag an lucht bainistíochta go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh na leibhéal foriomlán airgeadais, lena n-áirítear iad siúd atá de dhíth ionas go gcomhlíonfaidh an Grúpa a chuid cúnant airgeadais, tá feidhmíocht an Ghrúpa sa todhchaí bunaithe ar roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha, a éilíonn go ndéanfaidh an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht ar bhonn leanúnach.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhábhair neamhchinnteachta a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an nGrúpa amach anseo faoi na ceannteidil seo a leanas:

### *2.1 Ioncam*

Tá comhlíonadh na spriocanna atá luaite le fás ioncaim don bhliain bunaithe ar thoimhdí éagsúla a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla, méaduithe ar an líon aistear custaiméirí agus an meascán táillí idir tháillí airgid thirim agus táillí eile.

### *2.2 Costais Oibriúcháin*

Baineann fíorthábhacht go fóill leis na costais oibriúcháin a choimeád ar leibhéal cuí mar atá sonraithe i bpleananna an Ghrúpa. Is toimhdí suibiachtúla a úsáideadh chun an plean á ullmhú agus ní mór go ndéanfar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, ionas gur féidir bearta maolaitheacha, atá aitheanta ag an lucht bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm más gá.

### *2.3 Costais Infheistíochta*

Baineann fíorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach maidir le cothabháil, athnuachan agus feabhsú an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa. Dúshlán leanúnach don lucht bainistíochta is ea é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á cistiú go cuí ionas nach mbainfidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa an bonn d'inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

Tá pleananna an Ghrúpa don bhliain 2019 ag brath ar chistiú breise don chaiteachas caipitiúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh cistiú i gcomhair na hinfheistíochta ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin.

Braitheann inbhuanaitheacht an Ghrúpa san fhadtréimhse ar leibhéal cuí cistithe a bheith ar fáil ón rialtas chun cistiú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí a cheanglaítear faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí an Ghrúpa.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Tá inbhuanaitheacht an Ghrúpa an-leochaileach i dtaobh na neamhchinnteachta a bhaineann leis an infheistíocht sa todhchaí a chistiú.

Dúshlán nach beag do gach páirtí leasmhar is ea cistiú na riachtanas infheistíochta san fhadtréimhse. Sa chás ina mbeidh gannchion sa leibhéal cistithe, beidh an riosca ann nach mbeidh sreabhadh airgid ag an nGrúpa ar leor é chun a chobhsaíocht airgeadais a chinntiú i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh srian ar an gcaipiteal oibre agus beidh gá le monatóireacht leanúnach. Bheadh gá le gníomhaíochtaí maolaitheacha le féachaint chuige nach ndéanfaí sárú ar na cúnaint airgeadais fhoriomlána, dá bhfuil an Grúpa ceangailte, agus go mba leor an sreabhadh airgid i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a ghlanadh de réir mar a bheidh siad dlite.

Mar mhaolú, bainistíonn an Grúpa an t-údarú ar infheistíochtaí ábhartha agus iarrann sé deimhniú ar chistiú cuí a bheith ar fáil roimh dhul ar aghaidh leis na hinfheistíochtaí sin.

I mí na Samhna 2018 mhol an tÚdarás Náisiúnta Iompair:

- Go mbronnfaí conradh 100% úr le soláthar seirbhísí poiblí bus i gceantar Bhaile Átha Cliath ó Nollaig 2019 ar Bhus Átha Cliath ar feadh tréimhse cúig bliana.
- Go mbronnfaí conradh úr do Bhus Éireann le soláthar seirbhísí poiblí bus taobh amuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath ar feadh tréimhse cúig bliana, ach amháin seirbhísí, (tuairim agus 5%), san áit a mbeidh conradh dírbhronnta ar feadh tréimhse nach mbeidh níos faide ná dhá bhliain, ag éag i 2021.
- Tá an NTA ag moladh conradh seirbhísí poiblí a bhronnadh go díreach ar Iarnród Éireann le soláthar seirbhísí iompair paisinéirí poiblí ar iarnród le dáta tosaithe ar 1 Nollaig 2019, tar éis dul as feidhm don chonradh dírbronnta reatha ar 30 Samhain 2019. Tá sé i gceist go mairfidh an conradh dírbhronnta ar feadh tréimhse deich mbliana.

### *2.4 Leachtacht*

In Eanáir 2018, gnóthaí Grúpa CIE leasú agus síneadh ar a saoráid bhaincéireachta. Is saoiráid geallta €108 milliún an tsaoráid ar deah tréimhse tosach cúig bliana le dhá rogha síneadh ar feadh bliana ar féidir cur i bhfeidhm le comhaontú an dá pháirtí ag deireadh bliain a haon agus bliain a dó na saoráide. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí €28 milliún tarraingthe anuas ag an nGrúpa faoi na saoráidí iasachta téarmaí. Ba é €80 milliún an méid neamhtharraingthe a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Cuimsíonn na saoráidí sin roinnt cúnant airgeadais, ar chomhlíon an Grúpa iad ar fad in 2018. Creideann an lucht bainistíochta go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na gcúnant atá sonraithe sa chomhaontú saoráide nua don tréimhse 12 mhí, ar a laghad, ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo. Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar úsáid iarbhír agus úsáid thuartha a chuid saoráidí baincéireachta agus ar chomhlíonadh na gcúnant airgeadais laistigh dá shaoráidí. Tá iarmhéid airgid reatha €221 milliún ag an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2018.

### *2.5 Pinsin*

Tá easnamh i scéimeanna pinsean an Ghrúpa agus tháinig laghdú mór ar an dliteanas ina leith i rith na bliana. D'eascair an laghdú ar an dliteanas den chuid is mó as méadú an ráta lascaine a úsáidtear le luach reatha na scéimeanna a ríomh agus laghdú sna bonn tuisceanna ar rátaí boilscithe. Tá na scéimeanna fós faoi lé gluaiseachtaí suntasacha sna rátaí úis bunúsacha faoina dtomhaistear na dliteanais agus i luacháil na sócmhainní atá i seilbh na scéimeanna. Ní mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an luaineacht leanúnach i leith luacháil na scéimeanna agus ní mór bearta a shainaithint ar féidir iad a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, chun an riosca a bhaineann leis na scéimeanna a laghdú.

Measann an Grúpa gurb é an cur chuige cuí is ceart a ghlacadh san fhadtréimhse chun an riosca sin a mhaolú ná na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí i gcomhairle leis na fostaithe. Tá CIÉ i mbun rannpháirtíochta leis na bhfostaithe chun bearta a aithint agus a aontú d'fhonn na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí. Bainistíonn an Grúpa a bhuiséid lena chinntiú go gcoinnítear cuntas cuí, sa ghearrthéarma, ar impleachtaí airgid a chuid oibleagáidí pinsin.

### Bearta an Lucht Bainistíochta

Chomh maith leis na bearta maolaitheacha a bhfuil cuntas orthu thuas, tá roinnt beart curtha i gcrích agus á gcur i gcrích go fóill ag lucht bainistíochta an Ghrúpa agus CIÉ, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó cúig bliana an Ghrúpa.
- Plé a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr cistithe cuí agus leis an nglantionchar airgeadais ar Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann.
- Plé a dhéanamh le iondaí foirne faoi stádas airgeadais scéim pinsin an Ghrúpa.
- Leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm tionscnaimh spárála costais agus ag déanamh dianmhonatóireachta orthu.
- Dianmhonatóireacht á déanamh ag an bhfoireann bhainistíochta ar an staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint.

### Litir Thacaíochta

Ag cloí le ceanglais an Chóid Chleachtais ag Comhlachtaí Stáit an Rialtais cheadaigh CIÉ plean leanúnach cúig bliana a léiríonn cuspóirí an scairshealbhóra, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus an mhandáid straitéiseach agus dhleathach ag CIÉ.

Mar atá léirithe thuas, d'aontaigh an Bord le síneadh ar na saoráidí baincéireachta le linn 2018 ar an bhonn geallta, ar feadh cúig bliana eile. Tugann an Bord faoi deara agus fáiltíonn sé roimh na moltaí ag an Údarás Náisiúnta Iompair conarthaí a phronnadh ar Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus ar Iarnród Éireann le soláthar seirbhísí iompair poiblí a shíneann thar thréimhse 12 mí ón dáta ceadaithe ag na ráitis airgeadais seo.

I 2017, fuair CIÉ Litir Thacaíochta ón RITaS, ag tabhairt chun críche ráiteas airgeadais 2018, phléigh CIÉ agus an RITS cé acu, i bhfianaise na mbreithniúchán meáite léirithe thuas, go raibh riachtanas leanúnach ar Litir Thacaíochta. Aontaíodh, i gcomhthéacs pleananna cead cúig bliana an Ghrúpa agus a sheasamh reatha airgeadais, nach bhfuil gá le Litir Thacaíochta mar í.

### Focal Scoir

I ndiaidh fiosrúchán cuí a dhéanamh agus an neamhchinnteacht agus na bearta maolaitheacha atá luaite thuas, tá ionchas réasúnach comhaltaí an bhoird gur leor an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa agus a saoráidí bainc mar atá faoi láthair chun cistiú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an Ghrúpa agus CIÉ maidir le sreabhadh airgid, agus chun cúnant airgeadais an Ghrúpa faoi shocruithe shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Agus aird ar an méid atá sonraithe thuas, chinn an Bord Siúrthóirí nach bhfágann na rioscaí thuasluaite gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Tá ionchas réasúnach ag Comhaltaí an Bhoird, ag féachaint do na nithe thuasluaite, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Ghrúpa agus CIÉ chun leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo, agus measann siad gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 3 Glanbharrachas/(glaneasnamh) de réir gníomhaíochta

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ioncam | 243,060 | 233,929 | 20,345 | 17,907 |
| Costais | (283,894) | (281,376) | (16,958) | (16,939) |
| (Easnamh)/barrachas oibriúcháin | (40,834) | (47,447) | 3,387 | 968 |
| Íocaíocht na hoibleagáide seirbhíse poiblí | 41,134 | 47,482 | – | – |
| **Glanbharrachas/(glaneasnamh)** | **300** | **35** | **3,387** | **968** |

Fuair Bus Átha Cliath fóirdheontas €47,662,000 (2017: €56,174,000) san iomlán ón Údarás Náisiúnta Iompair i dtaca le 2018. Aithníodh €1,563,000 (2017: €3,566,000) i dtaca le deontais caipitil mar ioncam iarchurtha (nóta 17) sa chlár comhardaithe agus déanfar é a amúchadh thar shaol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní gaolmhara. Is é an tsuim chomhaontaithe dheiridh maidir le fóirdheontais €41,134,000 (2017: €47,482,000) agus dá réir sin aithníodh €4,840,000 (2017: €4,980,000) mar chreidiúnaí (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) (nóta 15) ar an gclár comhardaithe agus tá sé inaisíoctha leis an NTA ar an 31 Nollaig 2018.

Tá €4,080,000 a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair ar son an conradh Fógraíocht Foscadán Bus sa áireamh in ioncaim. Ghlac an Údarás Náisiúnta Iompair riarachán an conradh Fógraíocht Foscadán Bus le gníomhaireacht fograíochta tríú páirtí agus faigheann Bus Átha Cliath ioncaim seasta fograíochta ón Údarás Náisiúnta Iompair anois.

Tá €594,000 a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair i dtaca le soláthar seirbhísí iompair poiblí do chuairt 2018 an Pápa Pronsias go Baile Átha Cliath san áireamh in ioncaim comh maith.

## 4 Ioncam

### (a) Ioncam iomlán

Cuimsítear san ioncam iomlán láimhdeachas oibriúcháin, glan ar CBL in-aisghabhála, agus áirítear leis fáltais faoin gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontais ioncaim. Tá sonraí i dtaobh deontais ioncaim leagtha amach i nóta 17. Soláthraí seirbhísí iompair is ea an chuideachta agus soláthraíonn sí seirbhísí ar fud Bhaile Átha Cliath agus tá sí á rialú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

### (b) Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Bhí an íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ba iníoctha le Bus Átha Cliath – trína chuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann – cothrom le €41,134,000 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 (2017: €47,482,000).

## 5 Costais phárolla agus costais ghaolmhara

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Cuimsíonn na costais fostaí:** | | |
| Pá agus tuarastail | 166,922 | 163,401 |
| Costais leasa shóisialaigh | 16,854 | 16,284 |
| Costais eile a bhaineann le sochar scoir *(nóta 20)* | 14,089 | 12,940 |
| **Costais iomlána fostaí(gan luach saothair na stiúrthóirí san áireamh)** | **197,865** | **192,625** |
| | | |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| Luach saothair | | |
| – i leith seirbhísí mar stiúrthóirí | 85 | 80 |
| – i leith seirbhísí eile | 124 | 73 |
| | **209** | **153** |
| Ranníocaíochtaí a rinneadh le scéim pinsean le sochair shainithe | 5 | 2 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na stiúrthóirí** | **214** | **155** |
| **Iomlán na dtuarastal agus na gcostas gaolmhar** | **198,079** | **192,780** |

Tá sochair scoir á bhfabhrú do bheirt stiúrthóirí i rith na bliana (2017: beirt stiúrthóirí) faoi scéim pinsean le sochar sainithe.
Níor tabhaíodh aon chostais i leith chailleadh oifige d'aon stiúrthóirí in 2018 ná 2017 nó tar éis dháta an chláir comhardaithe.

| | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **2018** | **2017** |
| Grád pá | 2,998 | 3,060 |
| Feidhmiúcháin/cléireachais | 381 | 391 |
| Sealadach/ar conradh | 45 | 55 |
| **Iomlán** | **3,424** | **3,506** |

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## Cúiteamh Príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na stiúrthóirí agus an lucht ardbhainistíochta. Áirítear le costas pá agus tuarastal an luach saothair seo a leanas atá iníoctha leis na Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cúiteamh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | | |
| Buntuarastal | 179 | 167 |
| Costais leasa shóisialaigh | 4 | 4 |
| Costais eile i ndáil le sochair iarscoir | 47 | 41 |
| **Iomlán** | **230** | **212** |

Tá tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le Príomhfheidhmeannaigh.

Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta (lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) as ucht seirbhísí fostaithe:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta** | | |
| Tuarastal | 1,262 | 1,072 |
| Costais leasa shóisialaigh | 41 | 30 |
| Costais eile i ndáil le sochair iarscoir | 230 | 213 |
| **Iomlán** | **1,533** | **1,315** |

Íocadh táillí stiúrthóirí mar seo a leanas le stiúrthóirí na cuideachta as ucht seirbhísí mar stiúrthóirí in 2018:

| | |
|---|---|
| An tUasal U. Courtney | €19,490 |
| An tOllamh P. Barker | €12,600 |
| E. Howley Uasal | €0 |
| G. Joyce Uasal | €9,450 |
| S. Madden Uasal | €12,600 |
| An tUasal J. Quinn | €12,600 |
| An tOllamh K. Rafter | €12,600 |

Ní bhfuair an tUasal T. O'Connor agus an tUasal S. Hannan táillí stiúrthóra ar bith ón gcuideachta.

Tá gach íocaíocht ag cloí go hiomlán le treoirlínte an rialtais i leith táillí stiúrthóra.

B'ionann na speansais iomlána a íocadh maidir le stiúrthóirí in 2018 agus in 2017 agus nialas.

### 5(a) Costais Phárolla agus Costais Ghaolmhara: Riachtanais Breise Nochtaithe faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **San áireamh i bpá agus tuarastal:** | | |
| Tuarastal | 106,652 | 105,154 |
| Ragobair | 15,785 | 13,994 |
| Liúntais | 44,485 | 44,253 |
| **Iomlán** | **166,922** | **163,401** |

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

| | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|
| | **2018** | **2017** |
| €50,000 go €75,000 | 1,226 | 941 |
| €75,001 go €100,000 | 112 | 113 |
| €100,001 go €125,000 | 31 | 17 |
| €125,001 go €150,000 | 1 | – |
| Thar €150,001 | 5 | 5 |

## 6 Costais ábhar agus seirbhísí

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Breosla agus bealaí | 27,295 | 28,034 |
| Ábhair | 17,812 | 19,305 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 820 | 765 |
| Cíos agus rátaí | 708 | 675 |
| Caillteanais airgeadra eachtraigh | 23 | 20 |
| Muirear/(sochar) i dtaobh gluaiseacht soláthair maidir le lagú stoc | 124 | (14) |
| Muirear i dtaobh gluaiseacht soláthair maidir le lagú féichiúnaithe | 9 | 9 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 465 | 427 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí | 5,051 | 6,111 |
| Seirbhísí eile | 42,514 | 39,200 |
| | **94,821** | **94,532** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### 6(a) Costais Ábhar agus Seirbhísí: Riachtanais Breise Nochtaithe faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Taisteal agus maireachtáil | | |
| Taisteal náisiúnta agus maireachtáil | 1 | 6 |
| Taisteal idirnáisiúnta agus maireachtáil | 38 | 16 |
| Fáillteachas | 46 | 38 |
| **Iomlán taisteal agus maireachtáil** | **85** | **60** |

## 7 Costais Oibriúcháin Eisceachtúla

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Costais maidir le hathstruchtúrú *(nóta 16)* | 76 | 866 |

### 7(a) Foirceannadh/Scaradh: Riachtanais Breise Nochtaithe faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

Ní dearnú aon íocaíochtaí foirceannadh nó scaradh le linn an tréimhse tuairiscithe.

## 8 Dímheas agus Amúchadh na Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe *(nóta 11)* | 652 | 1,730 |
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe *(nóta 12)* | 33,904 | 33,194 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil ón Aontas Eorpach/Státchiste *(nóta 17)* | (26,401) | (24,539) |
| | **8,155** | **10,385** |

## 9 Ús infhála agus Muirir dá Shamhail

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta sealbhaíochta | 26 | 74 |
| Íocaíochtaí úis eile | 7 | 3 |
| | **33** | **77** |

## 10 Cánachas

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Costas cánach san áireamh sa bhrabús nó sa chaillteanas** | | |
| Cáin reatha: | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar an mbarrachas don bhliain airgeadais | – | – |
| Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin | – | – |
| Costas cánach reatha don bhliain airgeadais | – | – |
| Cáin iarchurtha: | | |
| Bunú agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | – | – |
| Costas cánach iarchurtha don bhliain airgeadais | – | – |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **–** | **–** |

### Tosca a raibh tionchar acu ar an muirear cánach don bhliain

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018, is é sin 12.5% (2017: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 3,687 | 1,003 |
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí méadaithe faoi 12.5%, an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (2017: 12.5%) | 461 | 125 |
| *Tionchar de bharr:* | | |
| Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla i leith na bliana | 3,752 | 3,679 |
| Ioncam neamh-inchánach | (8,483) | (9,002) |
| Caillteanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh | 3,569 | 4,686 |
| Ioncam ar gearradh cáin air ar ráta níos airde | 513 | 502 |
| Difríochtaí uainiúcháin eile | 188 | 10 |
| **Muirear cánach reatha don bhliain** | **–** | **–** |

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha fhéideartha €193.4 milliún (2017: €189.9 milliún), mar nach cinnte go ndéanfar í a aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha. Tá Bus Átha Cliath ag comhlíonadh ciorclán 44/2006 na Roinne Airgeadais: Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach: Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí Cosúla.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 11 Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

| | Bogearraí €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 12,077 | 12,077 |
| Breiseanna | 292 | 292 |
| Asitriú go hinnealra agus gléasra *(nóta 12)* | (8) | (8) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **12,361** | **12,361** |
| **Amúchadh** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | (11,222) | (11,222) |
| Muirear don bhliain *(nóta 8)* | (652) | (652) |
| Asitriú go hinnealra agus gléasra *(nóta 12)* | 8 | 8 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **(11,866)** | **(11,866)** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **495** | **495** |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 855 | 855 |

Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní doláimhsithe chun críocha amúchta:

Bogearraí – idir 3-5 bliana

## 12 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Stadanna Bus agus Scáthláin Bhus €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 378,997 | 33,008 | 48,403 | 460,408 |
| Breiseanna | 59,866 | (20) | 1,473 | 61,319 |
| Diúscairtí | (46,701) | – | (441) | (47,142) |
| Aistriú ó bhogearra *(nóta 11)* | – | – | 8 | 8 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **392,162** | **32,988** | **49,443** | **474,593** |
| | | | | |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | (221,759) | (18,276) | (40,396) | (280,431) |
| Muirear don bhliain *(nóta 8)* | (29,438) | (2,181) | (2,285) | (33,904) |
| Diúscairtí | 30,162 | – | 441 | 30,603 |
| Aistriú ó bhogearra *(nóta 11)* | – | – | (8) | (8) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **(221,035)** | **(20,457)** | **(42,248)** | **(283,740)** |
| | | | | |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **171,127** | **12,531** | **7,195** | **190,853** |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 157,238 | 14,732 | 8,007 | 179,977 |

(i) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a chosain €74.6 milliún (2017: €31.1 milliún) a dhímheas go hiomlán ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir comhardaithe.

(ii) Níl aon bhreisithe i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad atá á dtógáil agus sócmhainní nach bhfuil i mbun seirbhíse go fóill (2017: Nialas).

(iii) Ní leis an gcuideachta an mhaoin atá in úsáid; tá sí ar úinéireacht ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus áirítear í i ráitis airgeadais CIÉ.

(iv) Diúscraíodh sócmhainní ag a raibh luach anonn €16.5 milliún i rith na bliana i gcomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta Ghrúpa CIÉ i leith diúscairtí sócmhainní, agus rinneadh brabús €312,000.

(v) Áirítear leis na feithiclí paisinéirí bóthair thuas aitheantas ar 165 bus a fuarthas faoi shocrú léasa bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Cuireadh na busanna a aithníodh in 2018 i mbun seirbhíse le linn na tréimhse an 01 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018. Tá na busanna a fuarthas teoranta d'úsáid mar chuid de sheirbhísí iompair phoiblí amháin.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Tá na busanna aitheanta ag costas €56.4 milliún (2017: €29.0 milliún). Tá an costas bunaithe ar dheimhniú an NTA ar chostas an NTA gach bus a fháil ón solarthaí.

Faoin gConradh Dír-Dhámhachtana Seirbhísí Iompair 2014-2019 aithníodh gur féidir leis an NTA cistiú deontais a chur ar fáil chun ceannach busanna nua a éascú, d'fhonn oibleagáidí an chomhlachta a chomhlíonadh maidir le seirbhísí sonracha iompair phoiblí a sholáthar faoin gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí.

Roimh 2017 fuair an comhlacht cistiú deontais ón NTA chun cur chuige beartaithe a éascú i leith athionadú flít. Cheannaigh an comhlacht feithiclí go díreach ón soláthraí tar éis phróiseas tairisceana iomaíoch. Aithníodh na feithiclí mar bhreiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe agus aithníodh na deontais ghaolmhara ón NTA mar ioncam iarchurtha. Déantar dímheas ar chostas na bhfeithiclí sin le linn a ré úsáide agus beidh an deontas comhfhreagrach amúchta le linn na tréimhse céanna.

I 2017, tháinig éifeacht le socrú nua faoina gceannaíonn an NTA busanna go díreach ar conradh ceannacháin idir an NTA agus an soláthraí. Le socrú foirmeálta léasaithe idir an comhlacht agus an NTA éascaítear léasú na mbusanna sin ón NTA go dtí an gcomhlacht chun seirbhísí oibleagáide sei-rbhíse poiblí a chur ar fáil i ndáil leis an gConradh Dír-Dhámhachtana.

Leis an gcomhaontú léasaithe tugtar an ceart don chomhlacht úsáid a bhaint as na busanna nua, atá oiriúnach chun ceanglais oibríochtúla an chomhlachta a chomhlíonadh, ar chíos €1 in aghaidh na bliana.

Measann an lucht bainistíochta I 2018 go n-aistrítear chuig an gcomhlacht beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na mbusanna nuair a fhaightear na busanna ó NTA.

Le linn na bliana 2018, rinneadh 61 bus a tharraingt siar ó Bhus Átha Cliath agus a aistriú go dtí Go-Ahead Ireland faoi phróiseas aistrithe bealaí Limistéar Bruach-Chathrach Bhaile Átha Cliath (ODMA). Rinneadh 13 cinn de na busanna a tarraingíodh siar a chlárú agus a aithint ar dtús sa bhliain 2017/2018 faoin socrú nua sin. Rinneadh na 48 bus eile a tarraingíodh siar a chlárú agus a aithint roimh 2017 faoin socrú maoinithe deontais a bhí ann roimhe seo. Rinneadh na busanna a tharraingt siar ó Bhus Átha Cliath chun aistriú na bealaí ODMA chuig Go-Ahead Ireland a éascú. Cuireadh busanna eile ar fáil do Bhus Átha Cliath ina n-ionad chun a áirithiú go mbeadh an chuideachta in ann leanúint dá cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gconradh OSP agus raon níos fairsinge seirbhísí a sholáthar a bhai-neann leis na forbairtí fairsingithe seirbhíse arna bhfaomhadh ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gcaitheamh na bliana 2018.

I 2018, rinne an lucht bainistíochta athbhreithniú ar chearta agus oibleagáidí an chomhlachta agus NTA araon faoin gcomhaontú cistithe seo i gcomparáid le cearta agus oibleagáidí an dá pháirtí faoin gcomhaontú cistithe roimh 2017 agus tháinig siad ar an tátal i leith idirbheart 2017 agus 2018 nach bhfuil aon athrú suntasach ar shubstaint an tsocraithe idir an comhlacht agus NTA, cé go modhnaítear an conradh dír-dhámhachtana leis an gcomhaontú léasaithe.

Chinn an lucht bainistíochta gurb iomchuí na busanna nua a fuarthas faoin gcomhaontú léasaithe a aithint mar shócmhainní seasta inláimhsithe agus deontas gaolmhar in ioncam iarchurtha chun go dtabharfaí léargas fíor cothrom sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid an chomhlachta do 2017 agus 2018. Déanfar dímheas ar chostas na bhfeithiclí sin le linn ré úsáide na sócmhainne agus beidh an deontas comhfhreagrach amúchta le linn na tréimhse céanna.

Déanfaidh an lucht bainistíochta athbhreithniú ar an gcóireáil chuntasaíochta ó am go chéile agus breithneofar an bhfuil aon athruithe ar an gconradh nó ar na cúinsí.

## 13 Stoic

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | 1,762 | 3,337 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | 1,582 | 1,707 |
| | **3,344** | **5,044** |

Tá an stoc thuas luaite glan ar sholáthar €480,000 i gcoinne dífheidhmeacht stoic (2017: €387,000).

Níl aon difríocht shuntasach idir costas athsholáthair na stoc agus a suim ghlanluacha.

## 14 Féichiúnaithe

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 8,978 | 9,305 |
| Méideanna atá dlite ón gcuideachta sealbhaíochta | 159,210 | 146,965 |
| Réamhíocaíochtaí | 730 | 458 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | 420 | 513 |
| | **169,338** | **157,241** |

Tá na méideanna atá dlite ón gcuideachta sealbhaíochta neamhurraithe agus saor ó ús, níl aon dáta aisíocaíochta socraithe ina leith agus tá siad iníoctha ar éileamh.

Luaitear na féichiúnaithe thuas glan ar sholáthar €29,000 (2017: €21,000) soláthar in aghaidh drochfhiach.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 15 Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | 4,605 | 5,016 |
| Cáin ioncaim/tobhach asbhainte faoi ÍMAT | 3,357 | 3,234 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | 2,403 | 2,312 |
| Cáin bhreisluacha | 87 | 111 |
| Cáin shiarchoinneálach | 71 | 37 |
| Creidiúnaithe eile | 13,050 | 8,192 |
| Ioncam iarchurtha | 12,903 | 12,460 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 17)* | 26,037 | 24,868 |
| Fabhruithe | 14,264 | 13,591 |
| | **76,777** | **69,821** |
| | | |
| Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas | 5,918 | 5,694 |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na gcreidiúnaithe.

Tá creidiúnaithe i leith cánach agus árachas sóisialta iníoctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

Baineann ioncaim iarchurtha le ioncaim ó thicéid Taxsaver.

## 16 Soláthairtí in aghaidh dliteanas

| | Cúrsaí comhshaoil €000 | Cúrsaí dlí agus nithe gaolmhara €000 | Ath-struchtúrú €000 | Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 4,058 | 1,150 | 2,737 | 88,641 | 96,586 |
| Muirear don chuntas brabúis agus caillteanais | 974 | 275 | 866 | 6,112 | 8,227 |
| Úsáidte i rith na bliana | (786) | (900) | (413) | (6,585) | (8,684) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **4,246** | **525** | **3,190** | **88,168** | **96,129** |
| | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 4,246 | 525 | 3,190 | 88,168 | 96,129 |
| Muirear don chuntas brabúis agus caillteanais | 600 | – | 76 | 4,992 | 5,668 |
| Úsáidte i rith na bliana | (463) | (350) | (1,211) | (7,144) | (9,168) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **4,383** | **175** | **2,055** | **86,016** | **92,629** |

### Cúrsaí Comhshaoil

Tá aoiseanna éagsúla ag an talamh agus na foirgnimh atá á n-áitiú ag Bus Átha Cliath. Baineann an soláthar comhshaoil le móroibreacha tógála nach mór a chur i gcrích faoi láthair chun oibleagáidí na cuideachta a chomhlíonadh faoi reachtaíocht Chomhshaoil agus faoi reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta.

### Cúrsaí Dlí agus Nithe Bainteacha

Baineann an soláthar le díospóidí dlí le tríú páirtithe agus le fostaithe. Tá na díospóidí sin ar siúl faoi láthair agus léiríonn an soláthar an costas measta i dtaobh shocrú na ndíospóidí sin.

### Soláthar Athstruchtúraithe

Baineann an soláthar le haghaidh athstruchtúrú le próisis ghnó athraithe agus íocaíochtaí le baill foirne a mbeidh tionchar ag na hathruithe sin orthu. Baineann an soláthar le caiteachas párolla neamhghnách. Meastar go mbainfear leas as an soláthar le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019.

### Éilimh um Dhliteanas Tríú Páirtí agus Dhliteanas Fostóirí

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí in aghaidh dliteanas agus muirear.

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Ina cháil mar chomhlacht féinrialaithe, feidhmíonn CIÉ samhail féinárachais faoina n-iompraíonn na cuideachtaí oibríocha an riosca airgeadais a bhaineann le costas éileamh, faoi réir teagmhais aonuaire áirithe agus uasteorainneacha bliantúla i gcás na n-éileamh tríú páirtí. Áirítear i gcostas measta na n-éileamh na costais a thabhófar agus éilimh á réiteach. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an chuideachta teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis na cuideachta a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an timpeallacht dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar atá ag caillteanais shuntasacha.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh sa chúirt ar dhliteanais ar bhain tréithe comhchosúla leo i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán ar na héilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás na n-éileamh a cuireadh in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar an deacracht níos mó a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

## 17 Ioncam Iarchurtha

Áirítear sa chuntas seo agus deontais eile ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 159,487 | 151,191 |
| Faighte agus infhála | 1,563 | 3,816 |
| Aitheanta faoi chomhaontú léasú bus agreement *(nóta 12)* | 56,366 | 29,023 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 8)* | (26,401) | (24,539) |
| Diúscairt Sócmhainní | (16,250) | (4) |
| **Iarmhéid tugtha anonn amhail an 31 Nollaig** | **174,765** | **159,487** |
| | | |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 15)* | 26,037 | 24,868 |
| Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 148,728 | 134,619 |
| | **174,765** | **159,487** |

### 17(a) Nochtadh de réir Chiorclán na Roinne Airgeadais, Tagairt 13/2014

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil** | | |
| Feithiclí agus gléasra | 63 | 2,066 |
| **Iomlán deontais chaipitil faighte** | **63** | **2,066** |

Déantar na deontais chaipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an ghníomhaireacht ábhartha agus is é Clár Cistithe Caipitil na bliana 2018 an clár ábhartha agus is an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an raoinn rialtas a urraíonn. Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Deontais ioncaim** | | |
| Clár Inrochtaineacht – An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 114 | 139 |
| An Clár Comhairimh Tródaim – An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 11 | 7 |
| An Luas Traschathrach – Bonneagar Iompair Éireann | – | 16 |
| **Iomlán na ndeontas ioncaim faighte** | **125** | **162** |

Cuirtear Deontais ioncaim leis an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ina n-iomláine sa bhliain ábhartha ina bhfuarthas iad. Tá an ghníomhaireacht ábhartha agus an clár ábhartha luaite thuas agus is í an roinn choimircíochta rialtais an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí.

17(b) Aithníodh €57,929,000 (2017: €32,839,000) iomlán deontais chaipitil I 2018, €56,366,000 san áireamh a aithníodh faoi comhaontú léasa busanna (nóta 12), €63,000 a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair faoi Chlár Maoinithe Caipitil 2018 agus €1,500,000 a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair faoin liúntas caipitil laistigh de chlár maoinithe Phraghas Oibriúcháb Iomlán.

## 18 Scairchaipiteal

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| 100,000,000 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | 126,974 | 126,974 |
| **Leithroinnte, glaoite agus curtha i láthair mar chaipiteal gnáthscaireanna:** | | |
| 55,000,000 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | 69,836 | 69,836 |

Is ann d'aicme amháin gnáthscaireanna. Níl srian ar bith ar dháileadh díbhinní agus ar aisíoc an chaipitil. Baineann na cearta vótála céanna le gach scair agus an aicme chéanna i dtaobh díbhinní, a mhéid a bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 19 Ráiteas faoi shreabhadh airgid

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Réiteach na sreafaí airgid oibriúcháin** | | |
| Barrachas roimh ús agus cháin | 3,720 | 1,080 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe | 33,904 | 33,194 |
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe | 652 | 1,730 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | (26,401) | (24,539) |
| Gnóthaigh ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | (312) | (325) |
| Laghdú/(méadú) ar stoic | 1,700 | (973) |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | 148 | 201 |
| Méadú ar chreidiúnaithe agus soláthairtí | 2,287 | 6,292 |
| **Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **15,698** | **16,660** |

## 20 Pinsin

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Is baill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Bhus Átha Cliath. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla faoi mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Ní shonraítear i rialacha na scéimeanna conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas na sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

Léirigh na luachálacha ar na scéimeanna faoi FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2018 easnamh €547 milliún (2017: €786 milliún). Tá an nochtadh atá ceangailte faoi FRS 102 maidir le pleananna sochar sainithe an ghrúpa, ina bhfuil an chuideachta rannpháirteach, leagtha amach i ráitis airgeadais CIÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018, atá ar fáil don phobal ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, Éire.

Bhí costas pinsean na cuideachta don bhliain ar na scéimeanna sochar sainithe cothrom le €14.1 milliún (2017: €12.9 milliún) agus tá na costais sin san áireamh mar sochair iarscor i nóta 5. Cuimsíonn costas na cuideachta na ranníocaíochtaí atá iníoctha i leith na bliana.

## 21 Ceangaltais Chaipitiúla

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Conradh déanta ina leith: | 9,804 | 7,299 |

Is ionann na ceangaltais chaipitiúla agus tionscadail caiteachais chaipitiúil atá ceadaithe ag an mBord arb amhlaidh ina leith go bhfuil tús curtha leis an obair ar na tionscadail, ach nach raibh siad curtha i gcrích ina n-iomláine ag deireadh na tréimhse. Áiríodh i measc na gceangaltas caipitiúil tionscadail chaipitiúla a raibh cistiú €4.4 milliún (2017: €3.5 milliún) faighte ina leith ón Údarás Náisiúnta Iompair.

## 22 Léasanna Oibriúcháin

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Ag deireadh na bliana, ba iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha a bhí iníoctha faoi léasanna oibríochta nárbh fhéidir a chealú: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 60 | 33 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 148 | 172 |
| | **208** | **205** |

## 23 Ráthaíochtaí agus Dliteanais Theagmhasacha

Amhail dáta an chláir comhardaithe tá iasachtaí ar fiú €28 milliún iad (2017: €28 milliún) ag Grúpa CIÉ.

Bíonn an chuideachta ina páirtí, ó am go ham, in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le ceisteanna tráchtála a bhfuiltear ag déileáil leo agus á gcosaint sa ghnáthchúrsa gnó. Déantar stádas imeachtaí ar feitheamh nó imeachtaí faoi bhagairt a athbhreithniú ar bhonn rialta le dlíodóirí ghrúpa CIÉ. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh na caillteanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

Déantar caiteachas caipitiúil Bhus Átha Cliath i leith an Fhlít OSP a chistiú trí dheontais chaipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirtear an cistiú sin ar fáil ag teacht le forálacha an Chonartha Dámhachtana Dírí Seirbhísí Poiblí 2014-2019 a síníodh ar an 1 Nollaig 2014, agus eascraíonn dliteanais theagmhasacha áirithe faoi na comhaontuithe sin. Creideann na stiúrthóirí gur fíorbheag an baol atá ann go bhfeidhmeoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chearta faoi na comhaontuithe a bhaineann leo.

## 24 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na haonáin is tábhachtaí díobh sin tá An Post agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cheangaltais nochta alt 33.9 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtithe gaolmhara iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an Stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus an eintiteas eile.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 25 Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ é Bus Átha Cliath agus léirítear sna ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sa Ghrúpa.

I gcás roinnt feidhmeanna uileghrúpa amhail Cisteán, Dlí, Maoin agus Pinsin, is í an Chuideachta Sealbhaíochta a chuireann i gcrích iad ar bhonn seirbhísí comhroinnte áit ar ghearrtar leithroinnt comhaontaithe ar an chuideachta agus fochuideachtaí eile. Is féidir cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ a fháil ó Rúnaí na Cuideachta ag Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, Éire.

## 26 Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Níl na Comhaltaí Boird ar an eolas faoi aon teagmhais ó dheireadh na bliana airgeadais a fhágann nach mór coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó nochtadh a dhéanamh iontu.

## 27 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

D'údaraigh an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais le haghaidh eisiúna ar an 3 Aibreán 2019.

59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1
www.dublinbus.ie